# BusConnects Gaillimh:

## Bóthar Bhaile Átha Cliath

Eanáir 2025

# Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)

## Imleabhar 1

Achoimre Neamhtheicniúil

BUS CONNECTS

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

# Réamhrá

Seo a leanas achoimre ar struchtúr na Tuarascála ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta (EIAR) seo do BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath (dá dtagrófar anseo feasta mar an Scéim Bheartaithe):

**Imleabhar 1: Achoimre Neamhtheicniúil**

In Imleabhar 1 tugtar achoimre neamhtheicniúil ar an bhfaisnéis atá in Imleabhar 2 den EIAR.

**Imleabhar 2: An Phríomhthuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta**

Cuirtear réamhrá ginearálta ar fáil in Imleabhar 2, tugtar breac-chuntas ar an bpróiseas measúnaithe ar an tionchar ar an gcomhshaol, déantar cur síos ar scóip na Scéime Beartaithe, cuirtear an breithniú ar na roghanna malartacha réasúnacha i láthair agus déantar cur síos ar na tionchair ar an gcomhshaol a bhaineann go sonrach leis an Scéim Bheartaithe.

**Imleabhar 3: Fíoracha**

Le hImleabhar 3 soláthraítear líníochtaí agus íomhánna i bhformáid mhór (a lipéadaítear mar 'Fíoracha') ina léirítear an fhaisnéis a shonraítear in Imleabhar 2 den EIAR.

**Imleabhar 4: Aguisíní**

Soláthraítear in Imleabhar 4 cáipéisíocht agus sonraí atá forlíontach leis an bhfaisnéis a sholáthraítear in Imleabhar 2 den EIAR.

# BusConnects Gaillimh:

## Bóthar Bhaile Átha Cliath

Eanáir 2025

# Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT)

## Imleabhar 1

Achoimre Neamhtheicniúil

BUS CONNECTS

IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR.

# Clár an Ábhair

**1 RÉAMHRÁ ........ 1**
1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí ........ 2
1.2 Ról Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ........ 3
**2 AN PRÓISEAS MAIDIR LEIS AN MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIA) 3**
2.1 Próiseas EIA ........ 3
**3 AN GÁ ATÁ LEIS AN BHFORBAIRT BHEARTAITHE ........ 4**
3.1 Comhthéacs ........ 4
3.2 Tionscadal Éireann 2040 – an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 ........ 4
3.3 An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 ........ 4
3.4 An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 ........ 5
3.5 Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) 2016 ........ 5
**4 COMHAIRLIÚCHÁN ........ 6**
4.1 Imeachtaí Comhairliúcháin agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara ........ 6
4.2 Comhairliúchán le Comhlachtaí Forordaithe agus le Comhairlithe Eile ........ 7
4.3 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún agus le Grúpaí Gnó Áitiúla ........ 7
**5 ROGHANNA EILE A BREITHNÍODH ........ 7**
5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha ........ 7
5.2 Roghanna Malartacha Bealaigh ........ 8
5.3 Roghanna Eile Dearaidh ........ 9
**6 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT BHEARTAITHE ........ 11**
6.1 Stráice 1: Ó Mhóinín na gCiseach go Timpeallán Sciréid ........ 12
6.2 Stráice 2 Ó Thimpeallán Sciréid go hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce ........ 14
**7 TÓGÁIL ........ 15**
7.1 Réamhrá ........ 15
7.2 Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála ........ 16
7.3 Plean Bainistíochta Tráchta Tógála ........ 17
**8 TIONCHAIR AR AN GCOMHSHAOL AGUS MAOLÚ ........ 17**
8.1 Trácht agus Iompar ........ 18
8.2 Cáilíocht an Aeir ........ 20
8.3 Cúrsaí Aeráide ........ 21
8.4 Torann agus Creathadh ........ 21
8.5 Daonra ........ 23
8.6 Sláinte an Duine ........ 23
8.7 Cúrsaí Bithéagsúlachta ........ 24
8.8 Uisce ........ 26
8.9 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht ........ 27
8.10 Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha ........ 28
8.11 Tírdhreach agus Cúrsaí Amhairc ........ 30
8.12 Dramhaíl agus Acmhainní ........ 30
8.13 Sócmhainní Ábhartha ........ 32
8.14 Baol Mórthionóiscí agus/nó Tubaistí ........ 34
8.15 Tionchair Charnacha agus Idirghníomhú Tionchair ........ 35
**9 CAD A THARLÓIDH INA DHIAIDH SEO? ........ 37**


# 1 RÉAMHRÁ

Is éard atá sa doiciméad seo ná Achoimre Neamhtheicniúil (NTS) ar an Tuarascáil ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) le haghaidh BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath (ar a dtugtar an Fhorbairt Bheartaithe síos tríd an NTS seo). Déantar achoimre sa doiciméad seo ar an EIAR i dteanga neamhtheicniúil, lena n-áirítear na héifeachtaí suntasacha dóchúla a sainaithníodh, na bearta maolaithe agus faireacháin atá beartaithe, agus aon éifeachtaí iarmharacha a eascraíonn as an bhForbairt Bheartaithe.

Tacóidh an Fhorbairt Bheartaithe le húsáid chomhtháite inbhuanaithe iompair trí fheabhsuithe bonneagair le haghaidh taisteal gníomhach (siúl agus rothaíocht araon), agus trí bhearta tosaíochta bus feabhsaithe a sholáthar do na seirbhísí reatha (poiblí agus príobháideacha araon) agus do na seirbhísí uile a úsáidfidh an chonair amach anseo.

Tá an Fhorbairt Bheartaithe lonnaithe i gCathair na Gaillimhe agus síneann sí feadh Bhóthar Bhaile Átha Cliath ón taobh thoir d'Acomhal Mhóinín na gCiseach go hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce. Is é an t-achar iomlán ná thart ar 3.9km agus cuimsítear ann roinnt ceantar, Ros Cam, Dabhach Uisce, Muirbheach, an Rinn Mhór, Páirc Mhuirlinne agus Páirc an Tobair ina measc.

Cuirtear bealach na Forbartha Beartaithe i láthair in Fíor 1-1, agus cuirtear líníochtaí ginearálta maidir le socrú na Forbartha Beartaithe i gceangal leis an EIAR seo.




***Fíor 1-1 Bealach na Forbartha Beartaithe***

Áirítear leis an bhForbairt Bheartaithe uasghrádú ar na saoráidí tosaíochta bus agus rothar atá ann cheana féin. Cuimsítear sa scéim méadú suntasach ar an leibhéal tosaíochta bus a chuirtear ar fáil feadh na conaire, lena n-áirítear faid bhreise de lána bus a chur ar fáil, rud a fhágann go mbeidh am turais níos iontaofa. Le linn na Forbartha Beartaithe, cuirfear barr feabhais ar stadanna bus chun eispéireas foriomlán an turais do phaisinéirí bus a fheabhsú. Feabhsófar saoráidí rothar go mór trí raonta rothar scartha a chur ar fáil feadh na nasc agus na n-acomhal cosanta agus cuirfear comharthaíocht níos fearr ar fáil do rothaithe ag acomhail.

Cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe iontaofacht shuntasach ó thaobh am turais de ar fáil do sheirbhísí bus atá ann cheana féin a théann isteach sa gcathair agus a théann trí lár na cathrach agus cuirfidh sí freisin ag an am céanna le bealaí dromlaigh traschathrach nua beartaithe an ghréasáin bus, atá beartaithe mar chuid de Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS, 2016). Beidh bealaí ghréasán bus na cathrach deartha sa chaoi is go gceanglófar le chéile iad feadh na conaire ardchaighdeáin seo, chun seirbhísí ardmhinicíochta a chur ar fáil a sholáthróidh am turais iontaofa agus deiseanna le haghaidh cómhalartú.

Cinnteoidh an Fhorbairt Bheartaithe go mbeidh rochtain ag seirbhísí iompair phoiblí ar phríomhlimistéir ar nós na saoráidí miondíola agus áineasa, na dtailte spóirt, óstán agus lóistín Leaba agus Bricfeasta feadh

an bhealaigh agus príomhlimistéar cosúil le hOllscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA), Ospidéal Pháirc Mhuirlinne agus Ospidéal Bon Secours.

Chomh maith leis na feabhsuithe ar amanna turais bus agus iontaofacht ama turais, cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe buntáistí suntasacha ar fáil do rothaithe agus do choisithe. Trí bhonneagar rothaíochta scartha tiomnaithe a chur ar fáil feadh na Forbartha Beartaithe, beidh turais rothaíochta níos sábháilte agus níos tarraingtí. Forbraíodh dearadh na scéime ag féachaint don treoir inrochtaineachta ábhartha agus do na prionsabail deartha uilíoch chun rochtain a chur ar fáil do gach úsáideoir. Cuirfidh an scéim saoráidí feabhsaithe trasrianta coisithe ar fáil feadh an bhealaigh, mar aon le tuilleadh pointí trasnaithe comharthaithe a chur ar fáil.

Is é príomhchuspóir na Forbartha Beartaithe, dá bhrí sin, aistriú módúil ó bheith ag brath ar charranna a éascú trí fheabhsuithe ar bhonneagar siúil, rothaíochta agus bus a sholáthar, rud a chuirfidh le córas iompair éifeachtúil comhtháite agus a éascóidh aistriú chuig Cathair ísealcharbóin atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.

## 1.1 Aidhmeanna agus Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí straitéiseacha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le hiompar mar atá leagtha amach i Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS, 2016):

- iompar inbhuanaithe a chur chun cinn agus a spreagadh;
- an trácht a bhainistiú ar bhealach a uasmhéadaíonn soghluaisteacht agus gluaiseacht shábháilte; agus
- an bonneagar a chothabháil agus a fhorbairt/a uasghrádú.

Is é aidhm na Forbartha Beartaithe bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus a chur ar fáil ar an bpríomhchonair rochtana seo, a chumasóidh agus a sholáthróidh gluaiseacht iompair inbhuanaithe atá éifeachtúil, sábháilte agus comhtháite feadh an bhealaigh. Is iad seo a leanas cuspóirí na Forbartha Beartaithe:

- Toilleadh agus acmhainn an chórais iompair phoiblí a fheabhsú trí luasanna bus, iontaofacht agus poncúlacht a fheabhsú trí lánaí bus a sholáthar agus trí bhearta eile chun tús áite a thabhairt do ghluaiseacht bus seachas do ghluaiseachtaí tráchta ghinearálta;
- Feabhas a chur ar fhéidearthacht na rothaíochta trí bhonneagar sábháilte a chur ar fáil don rothaíocht, atá scartha ón trácht ginearálta nuair is indéanta;
- Tacú le seirbhís iompair phoiblí éifeachtúil ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh aeráide de a chur ar fáil, a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach;
- Fás dlúth, deiseanna athghiniúna agus úsáid níos éifeachtaí talún i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird a chumasú, don ghlúin seo agus do na glúnta atá le teacht, trí líonraí iompair inbhuanaithe atá sábháilte agus éifeachtúil a chur ar fáil;
- Feabhas a chur ar inrochtaineacht ar phoist, ar oideachas agus ar dheiseanna sóisialta agus eacnamaíocha eile trí nascacht agus trí chomhtháthú inbhuanaithe feabhsaithe le seirbhísí iompair phoiblí eile a chur ar fáil; agus
- A chinntiú go ndéanfar an fearann poiblí a mheas go cúramach i ndearadh agus i bhforbairt an bhonneagair iompair agus féachaint le príomhphointí fócais uirbeacha a fheabhsú nuair is cuí agus nuair is indéanta.

Tá pleanáil agus dearadh na Forbartha Beartaithe treoraithe ag na haidhmeanna agus na cuspóirí seo.

Is iad seo a leanas na torthaí a bhainfear amach ón bhForbairt Bheartaithe a chur i gcrích:

- Gréasán iompair phoiblí tarraingteach athléimneach cothrom a nascann pobail ar bhealach níos fearr agus a fheabhsaíonn rochtain ar obair, ar oideachas agus ar ghníomhaíocht shóisialta;

- Gréasán bonneagair iompair a éascú lena dtugtar tús áite don siúl agus don rothaíocht agus aistriú modha iompair chuig an iompar poiblí, rud a mbeidh cáilíocht an aeir níos fearr agus astaíochtaí carbóin laghdaithe mar thoradh air; agus
- Tacú le hacmhainneacht mhéadaithe eacnamaíoch agus shóisialta trí phleanáil chomhtháite úsáide talún agus iompair chun an t-ualach ama a bhaineann le taisteal a laghdú.

## 1.2 Ról Chomhairle Cathrach na Gaillimhe

Tá an Fhorbairt Bheartaithe á soláthar ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe (GCC) agus á maoiniú ag an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoin Deontas Iompair um Bearta Inbhuanaithe.

Áirítear le ról GCC san Fhorbairt Bheartaithe tabhairt faoin bpróiseas deartha agus pleanála, gach toiliú forbartha a lorg (agus a fháil), toiliú fála éigeantaí gaolmhara ón mBord Pleanála, agus tógáil na Forbartha Molta (a luaithe a fhaomhtar é) ina measc.

# 2 AN PRÓISEAS MAIDIR LEIS AN MEASÚNACHT TIONCHAIR TIMPEALLACHTA (EIA)

## 2.1 Próiseas EIA

Is próiseas córasach agus atriallach é Measúnacht Tionchair Timpeallachta ina scrúdaítear na tionchair chomhshaoil a d'fhéadfadh Forbairt Bheartaithe a imirt agus ina gceaptar bearta deartha agus maolaithe cuí chun aon tionchair chomhshaoil réamh-mheasta a sheachaint, a laghdú nó a fhritháireamh.

Tuairiscítear san EIAR torthaí mheasúnú tionchair timpeallachta na Forbartha Beartaithe. Is é is cuspóir an EIAR:

- Cur síos a dhéanamh ar na dálaí bonnlíne sula gcuirfear tús le haon obair ar an bhForbairt Bheartaithe agus ar an athrú a mheastar a thiocfadh ar an gcomhshaol dtabharfaí faoin bhForbairt Bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar na roghanna eile a breithníodh i bhforbairt na Forbartha Beartaithe;
- Cur síos a dhéanamh ar na modheolaíochtaí measúnaithe a úsáideadh chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na Forbartha Beartaithe ar an gcomhshaol;
- Cur síos a dhéanamh ar shaincheisteanna comhshaoil agus ar aon tionchair shuntasacha dhóchúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn Chéimeanna Tógála agus Oibríochtúla na Forbartha Beartaithe;
- Breithniú a dhéanamh ar na tionchair charnacha a d'fhéadfaí a imirt mar thoradh ar na tionchair a d'fhéadfadh scéimeanna eile a imirt, anuas ar thionchair thuartha na Forbartha Beartaithe;
- Bearta maolaithe a mholadh chun na tionchair sin a laghdú nó a sheachaint; agus
- Na tionchair iarmharacha shuntasacha a shainaithint a imrítear nuair a bheidh na bearta maolaithe atá beartaithe curtha chun feidhme.

Rinneadh na measúnuithe go léir de réir an dea-chleachtais agus na dtreoirlínte is infheidhme. Baintear úsáid i roinnt caibidlí den EIAR as treoirlínte sonracha a bhaineann leis an disciplín áirithe sin amháin.

Is ionann an NTS seo agus Imleabhar 1 den EIAR agus cuirtear i láthair ann achoimre ar an EIAR, príomhghnéithe den Fhorbairt Bheartaithe agus na tionchair thairbheacha agus dhochracha ghaolmhara a bhfuil tábhacht ag baint leo ina measc.

Tá doiciméid an EIAR roinnte sna hImleabhair seo a leanas chun go mbíonn siad éasca le húsáid:

- Imleabhar 1 – NTS (an doiciméad seo);
- Imleabhar 2 — Príomhthuarascálacha;
- Imleabhar 3 — Fíoracha; agus

- Imleabhar 4 — Aguisíní.

# 3 AN GÁ ATÁ LEIS AN BHFORBAIRT BHEARTAITHE

## 3.1 Comhthéacs

Bíonn brú tráchta suntasach mar thoradh ar an mbrath atá ar charranna príobháideacha, rud a mbíonn tionchar aige ar ár gcaighdeán beatha, ar ár dtimpeallacht uirbeach agus ar shábháilteacht ar bhóithre. Ós rud é go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú 50-60% ar dhaonra Chathair na Gaillimhe agus a bruachbhailte faoi 2040, beidh éileamh níos mó ar thaisteal ar bhóithre nach bhfuil in acmhainn déileáil le tuilleadh tráchta faoi láthair. Dá bhrí sin, tá gá le roghanna iompair inbhuanaithe níos fearr. Mura ndéantar idirghabháil, beidh brú tráchta ina chúis le turais choisithe, rothaíochta agus bus níos faide agus nach mbeidh chomh hiontaofa céanna ar fud an réigiúin agus cuirfidh sin isteach ar chaighdeán beatha daoine. Ar an taobh eile den scéal, cuidíonn bonneagar iompair inbhuanaithe pobail níos inbhuanaithe agus áiteanna níos sláintiúla a chruthú, agus ár bhforbairt gheilleagrach á spreagadh ag an am céanna. Cuireann sé le sláinte agus le folláine mhaith nuair a chuirtear i gcrích go héifeachtach é.

## 3.2 Tionscadal Éireann 2040 – an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030

Is é Tionscadal Éireann 2040 straitéis uileghabhálach sheanbhunaithe an rialtais chun tír níos fearr a dhéanamh d'Éirinn do chách agus chun oibriú i dtreo todhchaí níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Faoin teideal 'Mórthionscadail Bhonneagair Náisiúnta', leagtar amach i bPlean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 rogha de thionscadail 'Soghluaisteacht Inbhuanaithe' atá sa Phlean mar 'Tosaíochtaí Straitéiseacha Infheistíochta'. Cinntítear leis an straitéis go ndéanfar pleananna infheistíochta a ailíniú leis na Cuspóirí Straitéiseacha Náisiúnta atá luaite do 2040 ar bhealach measta, comhtháite agus sainithe. Is iad an Creat Náisiúnta Pleanála (NPF) agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2021-2030 atá i dTionscadal Éireann 2040.

Aithnítear an Fhorbairt Bheartaithe, atá mar chuid de Chlár foriomlán BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair, mar chuid de Thosaíocht Infheistíochta Straitéisí, a bhfuil gealltanas infheistíochta gaolmhar ag gabháil léi, a socraíodh mar chuid lárnach de sholáthar fhís an Chreata Náisiúnta Pleanála. Cuirfidh soláthar na Forbartha Beartaithe an bonneagar a theastaíonn ar fáil chun cabhrú le Cathair na Gaillimhe bogadh ón mbrath iomarcach atá ar an gcarr príobháideach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

## 3.3 An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023

Is é an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP) 2023 an dara nuashonrú bliantúil ar Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019. Is é an CAP seo an chéad cheann a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, agus an chéad cheann atá tugtha isteach ó tugadh iseach buiséid charbóin ar fud an gheilleagair agus uasteorainneacha astaíochtaí earnála in 2022. Leis an bplean, cuirtear chun feidhme na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála agus leagtar amach treochlár chun gníomh cinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050.

Iarrtar in CAP 2023 go ndéanfaí laghdú suntasach ar astaíochtaí iompair faoi 2030 chun an uasteorainn astaíochtaí earnála a chomhlíonadh, agus é mar aidhm ag an earnáil iompair astaíochtaí a laghdú 50% faoi 2030. Glacadh an cur chuige 'Seachain' (an gá atá le taisteal a laghdú nó a sheachaint – pleanáil úsáide talún), 'Aistriú' (aistriú chuig modhanna atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol – iompar poiblí, taisteal gníomhach), 'Feabhsú' (Éifeachtúlacht fuinnimh teicneolaíochta feithiclí a fheabhsú – éifeachtúlacht feithiclí, breoslaí glana) chun cuidiú leis na spriocanna sin a bhaint amach. Tugadh na spriocanna ón bplean roimhe seo (an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2021) cothrom le dáta chun 'laghdú*20% ar chiliméadair iomlána feithiclí, laghdú ar úsáid breosla, agus méaduithe suntasacha ar thurais iompair inbhuanaithe agus ar an gcion módach' a* chur san áireamh

Tá an Clár BusConnects a chur chun cinn i gcúig chathair (Gaillimh ina measc) ar cheann de na príomhghníomhartha atá aitheanta sa Phlean chun laghdú a dhéanamh ar iompar. Cuirfidh soláthar na Forbartha Beartaithe an bonneagar iompair is gá ar fáil chun roghanna iompair inbhuanaithe a chur ar fáil a thacóidh leis na príomhghníomhartha atá leagtha amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023. Leathnóidh, feabhsóidh agus nascfaidh an Fhorbairt Bheartaithe le gréasáin do choisithe agus raonta rothar agus cuideoidh sí le haistriú modha iompair a éascú. Is léir go bhfuil na spriocanna a leagtar amach sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023 nasctha go dlúth le soláthar príomhthionscadal bonneagair iompair, amhail an Clár BusConnects agus, dá bhrí sin, an Fhorbairt Bheartaithe.

## 3.4 An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024

Is é an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (CAP) 2024 an tríú nuashonrú bliantúil ar Phlean na hÉireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Is é is cuspóir don CAP treochlár gníomhaíochtaí a leagan amach a fhágfaidh go gcomhlíonfaidh an tír ar deireadh an cuspóir náisiúnta aeráide maidir leis an aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus neodrach ó thaobh na haeráide de a shaothrú agus a bhaint amach, tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050. Tá sé ag teacht leis na buiséid charbóin atá ceangailteach ó thaobh dlí ar fud an gheilleagair agus leis na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a chomhaontaigh an Rialtas i mí Iúil 2022.

Cuireann CAP 2024 le CAP 2023 trí na bearta agus na gníomhaíochtaí is gá chun na buiséid charbóin agus na huasteorainneacha astaíochtaí earnála a sholáthar a bheachtú agus a thabhairt cothrom le dáta. Cuirtear treochlár ar fáil in CAP 2024 chun gníomhaíocht chinntitheach a dhéanamh chun astaíochtaí na hÉireann a laghdú faoina leath faoi 2030 agus chun neodracht carbóin a bhaint amach tráth nach déanaí ná 2050, mar a gealladh san Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

Maidir le hiompar, is iad seo a leanas na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó CAP 24, mar a luaitear sa phlean: '*Cloítear in CAP24 leis an gcreat a leagtar amach in CBT23 ach déantar roinnt mionchoigeartuithe riachtanacha ann ar an gcur chuige sin agus an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo in 2023 á chur san áireamh. Is é an toradh a bhfuiltear ag súil leis go gcuirfidh CAP24 le CAP23 lena chur ar ár gcumas an chéad agus an dara buiséad carbóin a chomhlíonadh.*'

## 3.5 Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) 2016

Straitéis chuimsitheach iompair is ea an GTS (GCC, 2016) do Chathair na Gaillimhe agus don cheantar máguaird (lena n-áirítear ceantair laistigh de dhlínse Chomhairle Chontae na Gaillimhe), a bhfuil sé mar aidhm aige creat a bhunú chun an gréasán iompair a fhorbairt sna 20 agus 30 bliain amach romhainn. Leagtar amach sa GTS tograí don ghréasán bóithre, don ghréasán iompair phoiblí, don ghréasán siúil agus don ghréasán rothaíochta, agus tá roinnt moltaí suntasacha ann a ligfidh don chathair leanúint ar aghaidh ag fás ar bhealach inbhuanaithe. Tá an GTS glactha ag Comhairle Contae na Gaillimhe agus ag Comhairle Chontae na Gaillimhe araon agus cuirtear i bhfeidhm é trí bheartais a bPleananna Forbartha faoi seach.

Tá gá leis an bhForbairt Bheartaithe chun tacú le cur chun feidhme Straitéis Iompair na Gaillimhe (GTS) maidir le feabhas a chur ar thimpeallacht na gcoisithe, agus ag an am céanna aird a thabhairt ar chuspóirí pleanála do choisithe agus san fhearann poiblí go háitiúil agus tacú leo. Ina theannta sin, cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe feabhas ar an láthair shráid-dreacha/uirbeach atá ann cheana feadh na conaire trí shaoráid trasnaithe atá feabhsaithe go mór agus córais phlandála chomhlántacha a chur ar fáil.

Tacaíonn an Fhorbairt Bheartaithe le Gréasán Raonta Rothar agus Forbairt Bonneagair an GTS a chur i bhfeidhm, mar a leagtar amach in Aguisín F den GTS. Cuirfidh sé bonneagar ar fáil lena dtacófar agus lena bhfeabhsófar an rothaíocht mar mhodh iompair, lena n-áirítear bonneagar a sholáthar le haghaidh bealaí sonracha a shainaithnítear mar chuid de phlean an ghréasáin raonta rothar. Leis an leithscaradh agus na feabhsuithe sábháilteachta ar bhonneagar siúil agus rothaíochta, uasmhéadófar tuilleadh gluaiseacht na ndaoine a bheidh ag taisteal go hinbhuanaithe feadh na conaire agus, dá bhrí sin, freastalófar ar leibhéil níos airde fáis daonra agus fostaíochta amach anseo.

Mar chuid den GTS, tá an Fhorbairt Bheartaithe le forbairt chun leanúint de thús áite a thabhairt do ghluaiseacht bus laistigh den cheantar cathrach. Bainfear é seo amach trí níos mó lánaí bus a chur ar fáil agus trí dheireadh a chur le moilleanna feadh an bhealaigh.

De réir an GTS, tá gá le bonneagar tosaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir leis an bhForbairt Bheartaithe lena chinntiú go n-íoslaghdófar moilleanna, go bhfeabhsófar iontaofacht, agus go mbeidh úsáid busanna níos tarraingtí.

Tríd is tríd, cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe go mór le haidhmeanna agus le cuspóirí BusConnects agus an GTS trí chéile, a ligfidh don chathair fás go hinbhuanaithe amach anseo, rud nach bhféadfaí a dhéanamh d'uireasa na Forbartha Beartaithe.

# 4 COMHAIRLIÚCHÁN

Bhí rannpháirtíocht an phobail mar chuid lárnach d'fhorbairt na Forbartha Beartaithe ón tús chun aiseolas agus rannpháirtíocht a lorg le linn a forbartha. Thug GCC faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin agus rannpháirtíochta le páirtithe leasmhara, úinéirí talún agus baill den phobal le linn chur chun cinn dhearadh na Forbartha Beartaithe.

Ba é príomhchuspóir an phróisis comhairliúcháin phoiblí neamhreachtúil deiseanna a chur ar fáil do mhuintir an phobail agus do pháirtithe leasmhara cur le pleanáil agus dearadh na Forbartha Beartaithe agus bonn eolais a chur faoin bpróiseas forbartha. Spreagadh rannpháirtíocht an phobail i bpleanáil agus i ndearadh na Forbartha Beartaithe ó chéim luath trí rannpháirtíocht ar an talamh agus trí fheachtais faisnéise agus meán.

Chuidigh an próiseas comhairliúcháin neamhreachtúil leis na nithe seo a leanas:

- Bonnlíne chomhshaoil atá láidir go leor a bhunú don Fhorbairt Bheartaithe agus dá timpeallacht;
- Ábhair imní agus saincheisteanna sonracha a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe a shainaithint go luath sa phróiseas ionas go bhféadfaí iad a chur san áireamh go cuí i raon feidhme an deartha agus an mheasúnaithe;
- Rannpháirtíocht cuí an phobail agus na bpáirtithe leasmhara sa phróiseas deartha agus measúnaithe a chinntiú.

## 4.1 Imeachtaí Comhairliúcháin agus Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Cuireadh an chéad Chomhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil (NSPC) a rinne GCC agus a sainchomhairleoir ar bun ar feadh tréimhse 12 sheachtain ón 8 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 7 Eanáir 2021. Reáchtáladh an comhairliúchán seo chomh maith le gach cruinniú a bhain leis go hiomlán ar líne mar gheall ar shrianta COVID-19 a bhí i bhfeidhm ag an am.

Mar gheall ar athruithe ar an gCód Caiteachais Phoiblí, ar Threoirlínte leasaithe an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le Tionscadail a Fhormheas agus ar leagan amach leasaithe feadh Conairí Bus (Treoirleabhar Réamhdheartha an Údaráis Náisiúnta Iompair do Chroíchonair Bus BusConnects, 2021), rinneadh an Tuarascáil ar an Measúnú Straitéiseach a athdhréachtú, agus bhí an Fhorbairt Bheartaithe faoi réir céim athbhreithnithe Forbartha Coincheapa agus Roghnúcháin Rogha, an dara Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil ina measc.

Mar chuid de Chéim 2 (Forbairt Coincheapa agus Roghnú Rogha), thug Barry Transportation faoin dara Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil — An Bealach is Dealraithí a Roghnófar (EPR) i mí Eanáir 2023 le tréimhse chomhairliúcháin 4 seachtaine.

Breithníodh na saincheisteanna a d'ardaigh freagróirí le linn na gcomhairliúchán sin mar chuid den EPR deiridh agus bhí siad mar bhonn leis an réamhdhearadh.

## 4.2 Comhairliúchán le Comhlachtaí Forordaithe agus le Comhairlithe Eile

Chomh maith leis an gcomhairliúchán poiblí fairsing neamhreachtúil ar an bhForbairt Bheartaithe, chuaigh GCC agus an fhoireann deartha i gcomhairle le comhlachtaí forordaithe agus chuir siad Tuarascáil Scóipe EIA i dtoll a chéile. Eisíodh an tuarascáil sin chuig comhlachtaí forordaithe agus chuig comhairliúcháin neamhreachtúla ábhartha i mí na Bealtaine 2023. Baineadh úsáid as aiseolas ón gcomhairliúchán seo freisin chun bonn eolais a chur faoin EIAR agus faoi na réamhthograí deartha, i gcás inarbh iomchuí.

Rinneadh comhairliúcháin freisin le heagraíochtaí amhail an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS), Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus grúpaí comhshaoil áitiúla agus déantar breithniú orthu sin i bhforbairt na gcaibidlí ábhartha maidir le measúnuithe tionchair atá in Imleabhar 2 den EIAR seo.

## 4.3 Comhairliúchán le hÚinéirí Talún agus le Grúpaí Gnó Áitiúla

Rinneadh teagmháil leanúnach le húinéirí talún a mbeidh tionchar ar a gcuid réadmhaoine, nó a bhféadfadh tionchar a bheith ar a gcuid réadmhaoine, de réir mar a chuaigh forbairt dearaidh na Forbartha Beartaithe ar aghaidh, ó na céimeanna is luaithe den tionscadal, féach Caibidil 1 (Réamhrá) den EIAR seo.

Le linn an réamhphróisis deartha, rinneadh imscrúdú ar bhunachar sonraí na clárlainne talún chun úinéirí talún a bhféadfadh tionchar a bheith orthu a shainaithint. Aithníodh go bhféadfadh éadáil pháirteach a bheith ag teastáil ó 32 úinéir talún Cláraithe nó Ainm, 5 Áitritheoir agus 6 Léasaí, ar an iomlán, chun an Fhorbairt Bheartaithe a chur i gcrích.

Cuireadh tús le cruinnithe le húinéirí talún i mí Eanáir 2023. Rinneadh teagmháil le hionadaithe ó fhormhór na bhfóiliónna a bhféadfaí tionchar a imirt orthu. Rinneadh teagmháil leanúnach le húinéirí talún a bhfuil tionchar ar a gcuid réadmhaoine, de réir mar a chuaigh forbairt dearaidh ar aghaidh ar an bhForbairt Bheartaithe. Le linn na teagmhála, bhí deis ag úinéirí réadmhaoine a raibh tionchar orthu gnéithe éagsúla den Fhorbairt Bheartaithe a phlé leis an bhfoireann deartha.

Eisíodh litreacha cláraithe an 1 Iúil 2024 chuig seoltaí cláraithe na réadmhaoine ar dócha iad a bheith faoi réir phróiseas ordaithe ceannaigh éigeantaigh (CPO) na Forbartha Beartaithe inar lorgaíodh dul i dteagmháil leo chun cuntas a thabhairt ar an bhForbairt Bheartaithe agus ar CPO, chun sonraí úinéireachta a dheimhniú (nó chun sonraí úinéireachta a dheimhniú bunaithe ar Chlárlann na nGníomhas de chuid an Údaráis Clárúcháin Maoine agus tagairt á déanamh do thaighde), agus chun aon pháirtithe eile a bhfuil leas acu sa réadmhaoin/sna tailte a dheimhniú.

Ó mhí Iúil 2024 i leith, sceidealaíodh sraith cruinnithe úinéirí talún leis na páirtithe sainaitheanta uile a d'iarr cruinniú. Tar éis na rannpháirtíochta tosaigh sin, agus i gcás inar aithníodh páirtithe eile a raibh leas acu in aon réadmhaoin/talamh, eisíodh tuilleadh litreacha cláraithe chuig na páirtithe sin inar tairgeadh cruinniú dóibh chun an fhorbairt bheartaithe agus an CPO a phlé. Éascaíodh comhráite leantacha mar thoradh ar na litreacha sin ach iad a iarraidh.

# 5 ROGHANNA EILE A BREITHNÍODH

## 5.1 Roghanna Malartacha Straitéiseacha

Forbraíodh an fhorbairt bheartaithe tar éis breithniú cúramach a dhéanamh ar roghanna eile. Breithníodh sa GTS, agus sa Mheasúnú Straitéiseach Timpeallachta a ghabhann leis, roinnt roghanna straitéiseacha a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe.

Áiríodh leis an mbreithniú ar roghanna malartacha an rogha mhalartach 'Ná Déan Aon Rud'. Is é seo an cás nach gcuirfí an Fhorbairt Bheartaithe chun cinn. Measadh nach bhféadfaí glacadh leis an rogha seo toisc go bhfuil brú tráchta an-mhór ar fud Chathair na Gaillimhe, agus toisc go bhfuil líon na ngluaisteán ar an mbóthar ag dul i méid agus go mbíonn moilleanna suntasacha tráchta ann gach lá. Gan idirghabháil, d'fhéadfadh tionchair níos measa a bheith i gceist don réigiún, an méid seo a leanas ina measc:

- Leanfaidh an brú tráchta ag dul in olcas;
- Tionchair ar chumas an réigiúin fás go heacnamaíoch mar gheall ar bhrú tráchta méadaithe;
- Bainfidh amanna turais níos faide agus strus taistil níos mó de chaighdeán na beatha;
- Ní bhainfear amach na spriocanna maidir le hastaíochtaí comhshaoil.

Rinne Comhairle Contae na Gaillimhe athbhreithniú ar an ngréasán iompair reatha agus ar thuartha maidir leis an éileamh ar thaisteal amach anseo i nGaillimh. Baineadh de thátal as an measúnú ar éileamh taistil agus ar chineálacha turais, i bhfianaise nádúr ísealdlúis na forbartha úsáide talún i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird go dtí seo, go mbeadh gá i gcónaí le feabhas a chur ar sheirbhísí bus mar chuid den GTS trí chéile. Breathnaíodh in GTS freisin ar chur chuige céimnithe maidir le bonneagar agus seirbhísí tacaíochta a chur chun feidhme sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus i gcaitheamh tréimhse 20 bliain.

Ní mór d'aon ghréasán nua iompair phoiblí atá beartaithe do Ghaillimh aird a thabhairt freisin ar nádúr bríomhar Chathair na Gaillimhe agus a ceantar máguaird, ionas go mbeidh sí in ann 'análú' trí bhrú tráchta a bhaint agus timpeallacht tharraingteach a chruthú do dhaoine le dul isteach inti agus bogadh timpeall inti.

Ba é coincheap na Forbartha Beartaithe, dá bhrí sin, díriú ar bhonneagar a chur ar fáil agus tacú le bearta bainistíochta tráchta atá riachtanach chun freastal ar sheirbhísí bus atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, a théann i dtreo lár na cathrach ón taobh thoir agus ón taobh thiar nó a bhaineann ceann scríbe amach i lár na cathrach nó a théann trí lár na cathrach ón dá threo.

Tríd an obair a rinneadh agus an GTS á ullmhú, an staidéar a thacaíonn leis ina measc, sainaithníodh agus breithníodh roghanna malartacha éagsúla chun déileáil leis na riachtanais iompair feadh na conaire níos leithne a bhfuil sé beartaithe aghaidh a thabhairt orthu go páirteach leis an bhForbairt Bheartaithe.

I measc na roghanna straitéiseacha eile a breithníodh bhí:

- Bus Gasta (BRT);
- Iarnród Éadrom;
- Comhtháthú Iarnróid;
- Meitreo;
- Bainistiú Éilimh; agus
- Roghanna Malartacha Teicneolaíochta.

Forbraíodh an Fhorbairt Bheartaithe chun leibhéal seirbhíse cosúil le BRT a chur ar fáil. Baineadh de thátal sa GTS nach mbeadh údar le rogha mhalartach nua iarnróid throm/iarnróid éadroim/meitreo a thógáil i ngeall ar an leibhéal éilimh atá tuartha.

Ina theannta sin, ní chuirfeadh bainistiú éilimh agus roghanna malartacha teicneolaíochta, amhail táillí brú tráchta, praghsáil bóithre nó feithiclí leictreacha astu féin deireadh leis an ngá atá le bonneagar breise iompair de bhus nó rothaíochta feadh bhealach na Forbartha Beartaithe.

## 5.2 Roghanna Malartacha Bealaigh

Rinneadh roghanna malartacha bealaigh a mheas go forleathan le linn fhorbairt dearaidh na Forbartha Beartaithe. Bhí forbairt an dearaidh bunaithe freisin ar athbhreithniú ar aiseolas agus ar fhaisnéis nua a fuarthas le linn gach céime den chomhairliúchán poiblí agus toisc gur bailíodh agus gur measúnaíodh leibhéal na sonraí, amhail suirbhéanna, sonraí iompair agus comhshaoil.

Tá forbairt tagtha ar an bhForbairt Bheartaithe sna céimeanna seo a leanas:

1) **Tuarascáil Roghnúcháin Rogha (Aguisín A3.1 in Imleabhar 4):** Chuir an tÚdarás tús go luath in 2022 le pleananna chun forbairt BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath a chur chun cinn mar a aithníodh sa GTS. Mar chuid den obair seo, rinneadh Tuarascáil Roghnúcháin Roghanna BusConnects

Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath a ullmhú inar sainaithníodh roghanna indéanta feadh na conaire, inar measúnaíodh na roghanna sin agus inar deimhníodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar;

2) **Comhairliúchán Poiblí:** Bunaithe ar aiseolas ó Chomhairliúcháin Phoiblí Neamhreachtúla an EPR, reáchtáladh an chéad cheann ón 8 Deireadh Fómhair 2020 go dtí an 7 Eanáir 2021 agus reáchtáladh an dara ceann ón 13 Eanáir 2023 go dtí an 13 Feabhra 2023;

3) **Forbairt na Dréachtrogha Bealaigh**: Bunaithe ar aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí trí chéile, ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus ar infhaighteacht faisnéise dearaidh breise, tháinig forbairt an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar chun cinn agus rinneadh tuilleadh roghanna malartacha a mheas;

4) **Rogha an Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar:** Bunaithe ar aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin phoiblí trí chéile, ar rannpháirtíocht leanúnach na bpáirtithe leasmhara agus ar infhaighteacht faisnéise breise maidir le dearadh, tugadh an Rogha Bealaigh, arb í an Fhorbairt Bheartaithe, chun críche.

Breithníodh roghanna malartacha i roinnt réimsí le linn fhorbairt dearaidh na Forbartha Beartaithe, amhail na trasghearrthacha éagsúla, leagan amach an acomhail, suíomh na mbealaí rothaíochta as líne agus leagan amach an bhóthair in áiteanna srianta. Bhí sé ríthábhachtach freisin machnamh cúramach a dhéanamh ar roghanna malartacha maidir le bealaí rothaíochta sa phróiseas chun an EPR a shainiú.

Rinneadh meastóireacht ar na roghanna bealaigh malartacha ansin faoi na critéir seo a leanas:

- An Geilleagar;
- Comhtháthú;
- Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú Sóisialta;
- Sábháilteacht; agus
- An Comhshaol.

Agus é bunaithe ar an mbreithmheas a rinneadh ar roghanna bealaí malartacha, sainaithníodh an Bealach is Dealraithí a Roghnófar agus déantar achoimre air mar seo a leanas:

*‘Tosaítear scéim BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath soir ó Acomhal Mhóinín na gCiseach, áit a nasctar í le tograí BusConnects Gaillimh: Nasc Traschathrach agus leanann an scéim Bóthar Bhaile Átha Cliath chomh fada le hAcomhal Dhabhach Uisce.*

*Ar feadh fhad iomlán na lánaí bus tiomnaithe, cuirtear lánaí rothaíochta agus cosáin scartha ar fáil ar gach taobh den bhóthar. Tá Bóthar Bhaile Átha Cliath fós ina bhóthar dhá bhealach don trácht ginearálta. Déantar gach acomhal mór feadh an bhealaigh a uasghrádú go hacomhail chomharthaithe ina ndéantar soláthar do choisithe agus do rothaithe, ag Timpeallán Sciréid ina measc.’*

## 5.3 Roghanna Eile Dearaidh

Tar éis chur i gcrích an phróisis comhairliúcháin phoiblí maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar, rinneadh leasuithe éagsúla ar an togra Forbartha Beartaithe chun aghaidh a thabhairt, nuair is praiticiúil sin a dhéanamh, ar na saincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí.

Ina theannta sin, rinneadh forbairt bhreise dearaidh feadh na Forbartha Beartaithe agus faisnéis bhreise a bailíodh á cur san áireamh. Cuireadh an méid seo a leanas san áireamh san fhorbairt dearaidh bhreise sin:

- Faisnéis nua agus nuashonraithe maidir le suirbhéireachtaí topagrafacha;
- Faisnéis imscrúdaithe talún;
- Leasuithe ar dhearadh tírdhreacha;
- Ionchur dearaidh crannadóireachta;
- Idirchaidreamh breise le forbróirí agus le húinéirí talún máguaird;
- Leasuithe ar dhearadh draenála; agus

- Ionchur éiceolaí.

Rinneadh na hathruithe dearaidh atá beartaithe, mar a leagtar amach sna freagraí Tábla 5-1 thíos, a mheas sa réamhchéim dearaidh.

***Tábla 5-1 Tábla Achoimre na Moltaí agus na bhFreagairtí ón gComhairliúchán Poiblí***

| Moladh | Freagairt |
|---|---|
| An leithead ar na rotharbhealaí a mhéadú go háirithe ag acomhail mar gheall ar chasadh, fanacht agus scuainí tráchta. | Tá leithead na lánaí de réir na gcaighdeán dearaidh. Breithniú le déanamh maidir leis na cosáin ar an taobh ó dheas idir acomhail Bhóthar an Chósta agus Dhabhach Uisce a leathnú. |
| Tá na fadhbanna tráchta atá ann cheana ag stad bus Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) le cur san áireamh sa dearadh | Nuashonraíodh an dearadh |
| Socrú 'Cioclóip' nó 'Ollannach' a úsáid ag gach acomhal. | Tá Acomhal Cioclóip breithnithe agus glactha le haghaidh ceann de na hacomhail. |
| Deighilt fhisiceach a sholáthar idir rotharbhealaí agus lánaí tráchta | Breithniú le déanamh ar stráice 0.5m mar chuid den chéim réamhdheartha. |
| Stadanna bus ar leataobh a chur ar fáil ag OTA | Glactha mar chuid den chéim réamhdheartha. |
| Deacracht le casadh ar dheis trasna cosán, rotharbhealaí, lánaí bus agus lánaí tráchta ina shaincheist. | Chuirfeadh raon rothar agus lána bus a chur ar fáil feabhas ar línte radhairc feithiclí agus iad ag imeacht. Chomh maith leis sin, cuirfidh acomhail chomharthaithe bearnaí ar fáil sa sruth tráchta, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann imeacht. Tagraíodh in BusConnects Baile Átha Cliath do roinnt samplaí atá ann cheana féin ina dtugtar tús áite mar fhreagairt d'imeacht agus do chasadh ar dheis. |
| Déantar trasnú coisithe trasna bealaí isteach a tharraingt siar | Nuashonraíodh an dearadh. |
| An t-ailíniú a leasú ag Uimh. 18 Bóthar Bhaile Átha Cliath chun fad 600mm a sholáthar ón ngaráiste. | Nuashonraíodh an dearadh. |
| Bosca buí a chur ar Bhóthar Mhichíl Uí Choileáin chun ligean do thithe atá os comhair Bhóthar Bhaile Átha Cliath casadh ar dheis ar Bhóthar Mhichíl Uí Choileáin. | Fadhb leis an mbrathadóir lúibe. |
| Acomhal comharthaithe a chur ar fáil ag an mbealach isteach chuig Tearmann na Coille agus an bealach isteach chuig Geata Mhuirlinne a chuimsiú ann. | Bheadh dhá acomhal chomharthaithe laistigh de 130m óna chéile mar thoradh air seo, rud nach mbeadh inmhianaithe do thrácht ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath. |
| Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath ag Bóthar an Chósta a úsáid le haghaidh lána rothar/cosáin chun an t-acomhal a sheachaint | San áireamh mar chuid de dhearadh tosaigh. |
| Nasc a chur ar fáil le tionscadal an Ghlasbhealaigh. | Le meas mar choimisiúnú ar leithligh. |
| Leagan amach an rotharbhealaigh ag Acomhal Bhóthar an Chósta a leasú chun go dtrasnóidh rothaithe atá ag dul ó dheas an t-acomhal ar an taobh thoir. | Nuashonraíodh an dearadh. |
| Tearmann na Coille - crainn a bhaint agus an rotharbhealach/cosán a choinneáil feadh an lána bus. | Nuashonraíodh an dearadh. |


# 6 CUR SÍOS AR AN BHFORBAIRT BHEARTAITHE

Tá fad iomlán thart ar 3.9km ag an bhForbairt Bheartaithe, ag tosú ag Acomhal Mhóinín na gCiseach ar an taobh thiar agus ceanglaítear í le hAcomhal Dhabhach Uisce ar an taobh thoir agus le hacomhail ag Páirc na Rinne Móire, Bóthar na Rinne Móire, Bóthar Mhichíl Uí Choileáin, Bóthar Bhaile an Locháin, Acomhal Sciréid, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Lios an Uisce (Criostal na Gaillimhe), Bóthar Chnoc Rois, Bóthar an Chósta agus Bóthar Dhabhach Uisce. Is éard atá i gceist leis an bhForbairt Bheartaithe ná saoráidí iompair phoiblí agus saoráidí taistil ghníomhaigh a chur ar fáil ó Acomhal Mhóinín na gCiseach go hAcomhal Dhabhach Uisce. Is príomhbhealach artaireach é an bealach seo isteach go lár Chathair na Gaillimhe do chomaitéirí agus do thurasóirí araon. Síneann sé freisin taobh leis an OTA, Ospidéal Pháirc Mhuirlinne, Ospidéal Bon Secours agus roinnt scoileanna agus láithreacha taitneamhachta eile.

Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh na Forbartha Beartaithe trí leaganacha fairsinge dearaidh, inar díríodh ar thionchair fhéideartha ar an gcomhshaol a laghdú, nuair ab fhéidir, agus cuspóirí an tionscadail á mbaint amach ag an am céanna. Ina theannta sin, cuireadh aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin san áireamh.

Forbraíodh an Fhorbairt Bheartaithe chun a chinntiú go gcuimsítear prionsabail an dearaidh uilíoch go hiomlán sa dearadh, agus go gcuirtear rochtain ar fáil do gach úsáideoir, agus go bhfaightear réidh le bacainní ar dhaoine faoi mhíchumas.

Taispeántar gnáthleagan amach bóthair BusConnects in Fíor -1.




***Fíor -1 Gnáthleagan Amach Bóthair BusConnects***

Cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe feabhas suntasach ar shaoráidí coisithe agus rothaíochta agus tabharfar tús áite do bhusanna inti. Is iad seo a leanas cuid de na príomhathruithe a dhéanfar ar an gconair atá ann cheana mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe:

- Tiocfaidh méadú 50% ar líon na dtrasrianta comharthaí coisithe ó 1 go 2 mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Méadófar líon na n-acomhal rialaithe comharthaí tráchta ó 6 go 9 mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Méadófar cion na saoráidí rothaíochta scartha ó 0% ar an gconair atá ann cheana go 100% ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Beidh 21 stad bus ann mar thoradh ar athchumrú na stadanna bus atá ann cheana agus na stadanna bus nua;
- Méadófar cion an bhealaigh a bhfuil bearta tosaíochta bus aige ó 49% ar an gconair reatha go 100% san Fhorbairt Bheartaithe.


Chun cur síos a dhéanamh ar an bhForbairt Bheartaithe, roinneadh ina dhá chuid í mar seo a leanas:

- Stráice 1: Ó Mhóinín na gCiseach go Timpeallán Sciréid; agus
- Stráice 2: Ó Thimpeallán Sciréid go hAcomhal Dhabhach Uisce;

## 6.1 Stráice 1: Ó Mhóinín na gCiseach go Timpeallán Sciréid


Cuirtear tús leis an bhForbairt Bheartaithe soir ó Acomhal Mhóinín na gCiseach, áit a gceanglófar í le tionscadal Nasc Traschathrach BusConnects. Tá an chuid seo den Fhorbairt Bheartaithe thart ar 1500m ar fad. Tá sé beartaithe na lánaí tráchta ginearálta dhá threo a choinneáil ar bun agus lánaí bus leanúnacha a thabhairt isteach sa dá threo feadh a fhaid. Déanfar na cosáin atá ann cheana a uasghrádú agus a leathnú, agus cuirfear raonta rothar scartha nua ar fáil sa dá threo feadh an stráice iomláin seo. Ag roinnt áiteanna ar feadh na Forbartha Beartaithe, ní féidir leithead an rotharbhealaigh inmhianaithe a bhaint amach, agus tá gá le caolú áitiúil.

Cuirfear trasrianta faoi rialú comharthaí ar fáil ag gach acomhal trí mheascán de thrasrianta rothar tiomnaithe agus de thrasrianta comhroinnte túcáin. Déanfar trasrian coisithe a uasghrádú go dtí trasnú túcáin, siar ó Pháirc na Rinne Móire, agus moltar trasnú túcáin nua ag an mbealach isteach go OTA, a nascfaidh na stadanna bus ar an mbealach isteach leis an gcampas.




***Fíor 6-2 Stráice 1 — Ó Mhóinín na gCiseach go Timpeallán Sciréid***

Tá sé beartaithe na hacomhail chomharthaithe atá ann cheana ar Bhóthar na Rinne Móire agus ar Bhóthar Bhaile Locháin a mhodhnú chun bonneagar a fheabhsú agus saoráidí tiomnaithe do choisithe agus do rothaithe a chur ar fáil. Tá sé beartaithe acomhal nua “cioclóip” (Comharthaí Cosanta Barrfheabhsaithe do Rothaithe) a chur in ionad Thimpeallán Sciréid atá deartha chun coisithe agus rothaithe a scaradh ón trácht ag an acomhal, rud a laghdóidh an seans go dtarlóidh imbhuailtí nó coimhlint. Cruthaíonn an dearadh seo níos mó spáis freisin do limistéir tírdhreachaithe ag na himill sheachtracha, féach Fíor 6-3 thíos.




*Fíor 6-3 Dearadh Táscach Thimpeallán Sciréid (Cioclóp)*

Níl aon struchtúir nua beartaithe ar feadh an fhostráice seo de bhealach na Forbartha Beartaithe.

Tá roinnt socruithe nua rochtana beartaithe ag gnólachtaí áitiúla agus ag eastáit tithíochta feadh an bhealaigh.

Teastaíonn sealbhú sealadach talún laistigh den Chuid seo ag láithreacha éagsúla chun oibreacha a éascú, lena n-áirítear naisc dhraenála agus athchumrú rochtana, cosán agus raonta rothar. Tá gach éadáil shealadach talún le hathshuíomh a luaithe a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích.

Is gá talamh a fháil go buan laistigh den stráice seo chun go mbeifear in ann an trasghearradh a bheartaítear a leathnú agus cosáin agus rotharbhealaí nua a thógáil. Imreoidh an tógáil talún bhreise don scéim tionchar ar na láithreacha seo a leanas:


- Spás glas agus limistéar pábháilte lasmuigh de Sheirbhísí Bhráithre na Carthanachta, Gaillimh;
- Spás glas ag Páirc Gharrán Pháirc an Tobair;
- Spás glas siar ó Óstán Connacht;
- Spás glas i gCarrchlós Óstán Connacht;
- Gairdín agus cabhsa 18 Bóthar Bhaile Átha Cliath;
- Thart ar 34 spás páirceála príobháideach (26 spás páirceála caillte go sealadach, agus 8 spás páirceála caillte go buan);
- Spás glas poiblí ó dheas ó Arda Ghleann Eidhneach;
- Spás glas i gcoirnéal thiar Fhondúireacht Ospíse na Gaillimhe;
- Spás glas taobh le hOspidéal Bon Secours;
- Stáisiún rothar TFI Ghleann Eidhneach;
- Spás glas taobh le Club Rugbaí Galwegians;
- Spás glas agus limistéar pábháilte i gCarrchlós Óstán Flannery;
- Limistéar tionscail siar ó Bhóthar Bhaile an Locháin;
- Spás glas in Belmont;

- Páirc spóirt Ghaelscoil Dara; agus
- Spás glas lasmuigh de Champas OTA na Gaillimhe

I measc na n-oibreacha i dtailte Bhráithre na Carthanachta, beidh dhá fhoirgneamh aon stóir atá suite díreach taobh istigh den bhalla teorann atá ann faoi láthair le scartáil. Leagfar ballaí teorann ag Bráithre na Carthanachta, Garrán Pháirc an Tobair, spás glas siar ó Óstán Connacht, Óstán Connacht, suíomh 18 Bóthar Bhaile Átha Cliath, Siopa Spar Duggan, Ospidéal Bon Secours, Club Rugbaí Galwegians, Óstán Flannery, Limistéar tionsclaíoch (iarshuíomh Dawn Dairies) ag coirnéal Bhaile an Locháin, Eastát Belmont, Campas OTA na Gaillimhe agus Faichí OTA agus atógfar iad ag an láthair theorann nua.

## 6.2 Stráice 2 Ó Thimpeallán Sciréid go hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce

Tá Stráice 2 thart ar 1400m ar fad agus síneann sé ó Thimpeallán Sciréid go dtí Acomhal Dhabhach Uisce, áit a nasctar an scéim le hAcomhal na Máirtíneach, a críochnaíodh i mí an Mheithimh 2023. Tá an bealach le hathailíniú agus le leathnú d’fhonn lána bus leanúnach sa dá threo, raon rothar scartha sa dá threo, cosán atógtha sa dá threo agus lána tráchta ghinearálta sa dá threo a chur ar fáil.




***Fíor 6-4 Stráice 2 — Ó Timpeallán Sciréid go hAcomhal Bhóthar Dhabhach Uisce***

Is iad seo a leanas na saoráidí rothaíochta a chuirfear ar fáil feadh an stráice seo den Fhorbairt Bheartaithe:

- Cuirfear raonta nua rothar scartha ar fáil i ngach treo ó Acomhal Sciréid go dtí Bóthar an Chósta (slabhraíocht 3+ 280);
- Cuirfear raon rothar scartha dhá bhealach ar fáil ar an taobh thuaidh den bhealach ó Bhóthar an Chósta go hAcomhal Dhabhach Uisce a shínfidh taobh thiar de líne na gcrann cois bóthair; agus
- Cuirfear trasrianta faoi rialú comharthaí ar fáil ag gach acomhal trí mheascán de thrasrianta rothar tiomnaithe agus de thrasrianta comhroinnte túcáin.

Leis an bhForbairt Bheartaithe, déanfar uasghrádú ar bhealaí do choisithe agus ar phointí trasnaithe chun feabhas a chur ar shoghluaisteacht feadh an stráice seo. Tá cosáin le hathsholáthar agus le leathnú le dromchlaí pábhála ardchaighdeáin nua, agus idir slabhraíocht 2+ 280 agus 3+ 760, cuirfear cosán nua i bhfeidhm feadh an charrbhealaigh amach chun nasc a dhéanamh leis na cinn atá ann cheana ag Dabhach Uisce.

Tá trasrian coisithe á mholadh ag gach acomhal nua neamhchomharthaithe agus moltar trasrianta ardaithe ag na hacomhail bheaga agus ag bealaí isteach.

Tá moladh ann le haghaidh balla coinneála amháin i gcoirnéal siar ó thuaidh Acomhal Sciréid, ag éadanas iarshuíomh Óstán Corrib Great Southern. Beidh fad an bhalla coincréite treisithe atá beartaithe 50.0m agus beidh airde uasta thart ar 2m os cionn leibhéal na talún aige.

Tá an talamh bhreise a theastaíonn go príomha ó thuaidh den R338 atá ann cheana idir Acomhal Sciréid agus an pointe is faide soir den Fhorbairt Bheartaithe. I measc na dtionchar tógála talún tá:

- An bealach isteach chuig iarshuíomh Óstán Corrib Great Southern (atá tréigthe anois)
- Spás glas taobh amuigh d'Eastát Thearmann na Coille
- Tailte FSS in Ospidéal Pháirc Mhuirlinne
- Talamh talmhaíochta atá suite in aice le Bóthar Bhaile Átha Cliath soir ó Pháirc Mhuirlinne

# 7 TÓGÁIL

## 7.1 Réamhrá

Meastar go dtógfaidh sé thart ar 24 mí an Chéim Thógála don Fhorbairt Bheartaithe a chur i gcrích.

Beidh na gníomhaíochtaí seo a leanas san áireamh i dtógáil na Forbartha Beartaithe:

- Oibreacha ullmhúcháin agus glanta suímh, lena n-áirítear:
  - Talamh a fháil i gcás inar gá talamh a thógáil go sealadach nó go buan;
  - Fálú agus comharthaíocht a chur isteach;
  - Crainn agus fásra atá le coinneáil a chosaint;
  - Glanadh fásra agus cóireáil ar speicis plandaí ionracha neamhdhúchasacha (más gá);
  - Imscrúduithe seandálaíochta;
  - Imscrúduithe ar an talamh;
  - Compúin Tógála a bhunú;
  - Soilsiú sealadach a chur isteach;
  - Bearta sealadacha bainistithe tráchta a chur isteach (de réir mar is gá); agus
  - Rudaí cosúil le foirgnimh, ballaí, geataí, fálú, cuaillí soilsithe agus stadanna bus a scartáil.
- Uasghráduithe bóthair agus sráide, lena n-áirítear:
  - Athruithe ar pháirceáil agus ar rochtain;
  - Dromchla an bhóthair a thochailt;
  - Bearta sábháilteachta do choisithe agus do rothaithe a chur chun feidhme;
  - Coigeartú nó uasghrádú ar dhraenáil;
  - Fóntais agus seirbhísí a athailíniú, a uasghrádú, a athsholáthar nó a chosaint;
  - Tógáil struchtúr, lena n-áirítear:
    - Balla coinneála; agus
    - Umair/stáisiúin phumpála uisce stoirme;
  - Tógáil pábhála, lena n-áirítear carrbhealaí tráchta ghinearálta, lánaí bus, raonta rothar, stadanna bus as líne, oileáin tráchta, páirceáil as líne agus bánna lódála;
  - Feistí bóthair a thógáil (lena n-áirítear troscán sráide, comharthaíocht, soilsiú, stadanna bus (scáthláin, CCTV, agus taispeáintí faisnéise) agus córais chumarsáide; agus
  - Cóireáil teorann agus tírdhreachú.
- Díchoimisiúnú láithreáin tógála, lena n-áirítear gach saoráid agus trealamh tógála a bhaint.

Beidh Compún Tógála chun freastal ar thógáil na Forbartha Beartaithe suite ar Bhóthar Bhaile Átha Cliath ar thailte GCC (in aice le hÓstán Connacht). Taispeántar an Compún Tógála in Fíor 7-1.




*Fíor 7-1 Láthair an Chompúin Tógála Bheartaithe*

Úsáidfear an Compún Tógála mar an príomhshuíomh chun ábhair, gléasra agus trealamh, oifigí láithreáin, saoráidí leasa oibrithe agus carrpháirceáil theoranta a stóráil. Déanfar an Compún Tógála a dhaingniú, chun a chinntiú go ndéanfar gach ábhar agus innealra ar an láthair a stóráil go sábháilte. Cuirfear fálú buan agus sealadach in airde, agus fostófar slándáil láithreáin. Cuirfear bearta cuí bainistíochta comhshaoil i bhfeidhm ag an gCompún Tógála.

## 7.2 Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Comhshaoil Tógála (CEMP) ina ndéantar cur síos ar an straitéis fhoriomlán bainistíochta comhshaoil a chuirfear i bhfeidhm le linn Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe. Áirítear sa CEMP na bearta maolaithe a chuirfear i bhfeidhm chun cosaint an chomhshaoil a sholáthar le linn Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe. Tugtar aghaidh sa CEMP ar bhainistiú tráchta tógála, ar bhainistiú acmhainní agus dramhaíola, ar bhainistiú speiceas ionrach, ar bhainistiú uisce dromchla agus ar bhearta freagartha ar theagmhais chomhshaoil.

Tabharfaidh GCC (an Fostóir le haghaidh na n-oibreacha tógála) an CEMP cothrom le dáta sula gcuirfear tús leis an gCéim Thógála, ionas go n-áireofar aon bhearta breise is gá de bhun na gcoinníollacha a ghabhann le haon chinneadh chun ceadú a dheonú le haghaidh na Forbartha Beartaithe. Leagfaidh GCC amach Riachtanais an Fhostóra sa Chonradh Tógála lena n-áirítear gach beart maolaithe is infheidhme a shainaithnítear san EIAR seo, chomh maith le bearta breise a cheanglaítear de bhun na gcoinníollacha a ghabhann le haon chinneadh chun formheas a dheonú.

Tugtar aird sa CEMP ar an treoir atá i dTreoirlínte Bhonneagar Iompair Éireann (TII) maidir le Plean Oibriúcháin Comhshaoil a Chruthú, a Chur Chun Feidhme agus a Chothabháil, agus ar an lámhleabhar a

d'fhoilsigh Cumann Taighde agus Faisnéise Thionscal na Foirgníochta (CIRIA) sa Ríocht Aontaithe, Dea-Chleachtas Comhshaoil ar an Láthair (Environmental Good Practice on Site Guide), an 5ú hEagrán (CIRIA 2023).

## 7.3 Plean Bainistíochta Tráchta Tógála

Ullmhaíodh Plean Bainistíochta Tráchta Tógála (CTMP) chun léiriú a thabhairt ar an mbealach ina mbainisteofar an comhéadan idir an pobal agus trácht a bhaineann le tógáil agus conas a rialófar gluaiseacht feithiclí.

Fanfaidh na bóithre agus na sráideanna feadh na Forbartha Beartaithe a uasghrádófar ar oscailt do thrácht, nuair is indéanta, le linn na Céime Tógála. Chun gluaiseachtaí tráchta a choinneáil, beidh sé riachtanach, i gcásanna teoranta, an trácht a chur ar mhalairt slí i gcásanna áirithe nó srianta lána a chur i bhfeidhm go háitiúil chun gnéithe áirithe de na hoibreacha a chur i gcrích.

Coinneofar rochtain ar réadmhaoin chomh fada agus is féidir le réasún. Cé go bhféadfadh srianta sealadacha a bheith ar rochtain le linn na ngnáthuaireanta oibre, cuirfear iad sin in iúl agus socrófar iad i gcomhairle leis na húsáideoirí lena mbaineann. Cuirfear rochtain ar fáil d'fheithiclí éigeandála i gcónaí.

Pé áit ar féidir, coinneofar bealaí rothaíochta agus coisithe feadh an bhealaigh oscailte fad a bheidh an obair thógála ar bun. Más gá, cuirfear bealaí malartacha ar fáil chun gluaiseachtaí coisithe agus rothaíochta araon a éascú. Leanfar de sheirbhísí bus a chur ar fáil; Mar sin féin, caithfear roinnt láithreacha stad bus atá ann cheana a athlonnú go sealadach chun freastal ar na hoibreacha.

Críochnófar na hoibreacha ar bhonn stráice feadh na conaire sa chaoi is nach mbeidh aon limistéar ina mbeidh tréimhse fhadaithe de chur isteach ar an tógáil i rith na tréimhse thart ar 24 mí. Éascóidh GCC go gcuirfear na hoibreacha beartaithe sceidealaithe ag an gconraitheoir ceaptha in iúl go réamhghníomhach chun a chinntiú go gcoimeádfar daoine aonair, gnólachtaí agus pobail a ndéantar difear dóibh ar an eolas faoi aon chur isteach sealadach is dóchúil a bheidh ag teacht aníos.

# 8 TIONCHAIR AR AN GCOMHSHAOL AGUS MAOLÚ

Cuireann an próiseas EIA deis luachmhar ar fáil chun éifeachtaí comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú trí mhionchoigeartuithe dearaidh. Tugtar tús áite i ndearadh na Forbartha Beartaithe do bhreithnithe comhshaoil, rud a íoslaghdaíonn tionchair agus a chomhlíonann cuspóirí an tionscadail trí phróiseas dearaidh atriallach. Rinneadh an t-aiseolas a fuarthas ón gclár cuimsitheach comhairliúcháin a cuireadh ar siúl le linn an chláir forbartha roghnúcháin agus dearaidh roghanna a chur san áireamh, nuair ba chuí.

Leagfaidh GCC (an Fostóir le haghaidh na n-oibreacha tógála) amach Ceanglais an Fhostóra sa Chonradh Tógála agus cinnteoidh sé go gcloítear le gach beart maolaithe is infheidhme a shainaithnítear san EIAR, chomh maith le bearta breise a cheanglaítear in aon choinníollacha a ghabhann le cinneadh an Bhoird Pleanála ceadú a dheonú. Is éard a bheidh i gceist le soláthar an chonraitheora tógála an cinneadh go bhfuil an conraitheoir ceaptha inniúil chun na hoibreacha a dhéanamh, lena n-áirítear cur chun feidhme éifeachtach na mbeart maolaithe. Ceanglófar ar an gconraitheoir ceaptha oibreacha na Forbartha Beartaithe a phleanáil agus a thógáil i gcomhréir le Riachtanais an Fhostóra, agus fostóidh GCC foireann Ionadaí Fostóra ag a mbeidh an inniúlacht chuí chun an conradh tógála a riar agus faireachán a dhéanamh air chun Riachtanais an Fhostóra a chomhlíonadh, ina mbeidh na bearta maolaithe uile a shonraítear san EIAR seo, agus na doiciméid ábhartha atá i gceangal leis.

Cuirtear i láthair san EIAR measúnú ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla comhshaoil agus ar na bearta maolaithe agus faireacháin is infheidhme a bhaineann leis an gCéim Thógála agus leis an gCéim Oibríochtúil bunaithe ar an dearadh reatha.

Tugtar achoimre sna míreanna thíos ar na measúnuithe le haghaidh gach ábhair comhshaoil agus leagtar amach iontu na héifeachtaí iarmharacha suntasacha is dócha a bheidh ann de thoradh thógáil agus oibriú na Forbartha Beartaithe. Déantar cur síos ar na hábhair chomhshaoil seo a leanas:

- Caibidil 6 – Trácht agus Iompar;
- Caibidil 7 – Cáilíocht an Aeir;
- Caibidil 8 – Cúrsaí Aeráide;
- Caibidil 9 – Torann agus Creathadh;
- Caibidil 10 – An Daonra;
- Caibidil 11 – Sláinte an Duine;
- Caibidil 12 – Cúrsaí Bithéagsúlachta;
- Caibidil 13 – Uisce;
- Caibidil 14 – Talamh, Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht;
- Caibidil 15 – Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha;
- Caibidil 16 – Tírdhreach (Bailedhreach) agus Cúrsaí Amhairc;
- Caibidil 17 – Dramhaíl agus Acmhainní;
- Caibidil 18 – Sócmhainní Ábhartha;
- Caibidil 19 – Riosca Mórthionóiscí agus/nó Tubaistí; agus
- Caibidil 20 – Tionchair Charnacha agus Idirghníomhú Comhshaoil.

## 8.1 Trácht agus Iompar

Tá dhá chuid ar leith sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an Trácht agus Iompar (Caibidil 6 den EIAR seo): na hathruithe fisiciúla ar ghréasáin iompair, agus an samhaltú tráchta.

Rinneadh na tionchair tráchta agus iompair a mhiondealú sna hábhair mheasúnaithe seo a leanas le haghaidh na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla araon:

Measúnú ar athruithe fisiceacha:

- Bonneagar Coisithe: Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair coisithe mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Bonneagar Rothaíochta: Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair rothaíochta mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Bonneagar Bus: Na hathruithe ar cháilíocht an bhonneagair bus mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Páirceáil/Lódáil: Na hathruithe ar infhaighteacht páirceála agus lódála mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe.

An measúnú bunaithe ar shamhaltú:

- Gluaiseacht Daoine: Rinneadh measúnú chun an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an bhForbairt Bheartaithe ar an líon daoine réamh-mheasta (de réir modha – Siúl, Rothaíocht, Bus agus Trácht Ginearálta) a bheidh ag taisteal feadh na Forbartha Beartaithe le linn na Céime Oibríochtúla;
- Táscairí Feidhmíochta Bus: Na hathruithe ar na hamanna turais réamh-mheasta agus iontaofacht do bhusanna mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe;
- Trácht Ginearálta: Na tionchair dhíreacha agus indíreacha ar thrácht ginearálta agus úsáid á baint as an bhForbairt Bheartaithe agus as an ngréasán bóithre máguaird.

I gcás Chéim na Tógála, ullmhófar socruithe sealadacha bainistíochta tráchta i gcomhréir le ‘Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta na Roinne Iompair, Caibidil 8 Bearta Sealadacha Tráchta agus Comharthaí le haghaidh Oibreacha Bóthair (2019)’. Cuirfear bearta i bhfeidhm chun na tionchair a bhaineann leis an gCéim Thógála a íoslaghdú. Ullmhóidh an conraitheoir ceaptha Plean Bainistíochta Soghluaisteachta i rith Chéim na Tógála, mar a thuairiscítear sa CEMP, chun a phearsanra a spreagadh taisteal chuig an láithreán ar mhodhanna inbhuanaithe.

Baintear tátal as sa mheasúnú go mbeidh an tionchar le linn na Céime Tógála Diúltach, idir Beag agus Measartha agus Sealadach ó thaobh cineáil, agus nach mbeidh an tionchar ar thrácht agus ar iompar suntasach nuair a chuirfear na bearta maolaithe beartaithe a ndéantar cur síos orthu thuas i bhfeidhm.

Is iad na tionchair a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Oibríochtúil a chinneann conas a chomhtháthaítear an Fhorbairt Bheartaithe laistigh den ghréasán atá ann cheana agus athruithe ar shruthanna tráchta sa limistéar staidéir díreach agus indíreach. Léirítear an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- Bonneagar Coisithe: Ar an iomlán, tiocfaidh feabhas ar cháilíocht an bhonneagair coisithe feadh na stráicí uile. Is iad seo a leanas scála na bhfeabhsuithe:
  - Dearfach, Suntasach agus Fadtéarmach i Stráicí 1 agus 2;
- Bonneagar Rothaíochta: I bhfianaise cháilíocht an bhonneagair rothaíochta atá ann cheana feadh na Forbartha Beartaithe, is mar seo a leanas a bheidh na feabhsuithe ar cháilíocht an bhonneagair feadh na Forbartha Beartaithe:
  - Dearfach, An-Suntasach agus Fadtéarmach i Stráice 1;
  - Dearfach, Suntasach agus Fadtéarmach i Stráice 2;
- Bonneagar Bus: Léiríonn torthaí an mheasúnaithe gurb iad seo a leanas na feabhsuithe ar cháilíocht an bhonneagair bus:
  - Dearfach. Measartha agus Fadtéarmach i Stráicí 1 agus 2;
- Páirceáil agus Lódáil: I bhfianaise chineál an chaillteanais páirceála agus infhaighteacht spásanna malartacha sa limistéar staidéir indíreach, meastar gur mar seo a leanas a bheidh an tionchar:
  - Diúltach, Beag agus Fadtéarmach i Stráice 1; agus
  - Gan aon tionchar i Stráice 2;
- Gluaiseachtaí Daoine: Tríd is tríd, táthar ag súil go mbeidh éifeacht Dhearfach, Shuntasach agus Fhadtéarmach ag na méaduithe ar líon iomlán na ndaoine a bheidh ag taisteal ar feadh na Forbartha Beartaithe;
- Táscairí Feidhmíochta an Ghréasáin Bus: Ar an iomlán, táthar ag súil go mbeidh na feabhsuithe ar na táscairí feidhmíochta gréasáin d'úsáideoirí bus feadh na Forbartha Beartaithe Dearfach, Suntasach agus Fadtéarmach;
- Táscairí Feidhmíochta an Ghréasáin Tráchta Ghinearálta: Ar an iomlán, deimhníodh go mbeidh tionchar an-Bheag, Neamhshuntasach agus Fadtéarmach ag an trácht ginearálta athdháilte feadh an ghréasáin bóithre máguaird.

Beidh tionchar dearfach láidir ag an bhForbairt Bheartaithe ar chaighdeán an bhonneagair coisithe, rothaíochta agus bus le linn na Céime Oibríochtúla, rud a chuirfidh feabhas ar ghluaiseacht daoine de réir chuspóirí na scéime. Cuideoidh na feabhsuithe sin le roghanna tarraingteacha eile ar an gcarr príobháideach a chur ar fáil agus le hathruithe a chur chun cinn ó úsáid gluaisteán príobháideach go siúl, rothaíocht agus iompar poiblí, rud a fhágfaidh go mbeidh acmhainneacht níos mó ann feadh na conaire chun gluaiseacht inbhuanaithe daoine a éascú de réir mar a thiocfaidh méadú ar leibhéil an daonra agus na fostaíochta amach anseo. Forbraíodh dearadh na Forbartha Beartaithe agus aird á tabhairt ar an treoir inrochtaineachta ábhartha agus ar phrionsabail an dearaidh uilíoch chun rochtain a chur ar fáil do gach úsáideoir.

Ós rud é go mbeidh tionchar dearfach ag an bhForbairt Bheartaithe ar ghluaiseachtaí siúil, rothaíochta, bus agus daoine, níor breithníodh bearta maolaithe agus monatóireachta seachas iad siúd a cuireadh san áireamh cheana féin mar chuid den Fhorbairt Bheartaithe.

Cé go n-aithnítear go mbeidh roinnt tionchair dhiúltacha ann do thrácht ginearálta agus d'infhaighteacht páirceála/lódála, rinneadh an Fhorbairt Bheartaithe a dhearadh agus a leagan amach laistigh den mheasúnú seo chun aird a thabhairt ar na treoirlínte ábhartha tráchta agus iompair. Léirítear sa mheasúnú nach mbeidh aon mheath suntasach ar an timpeallacht tráchta ghinearálta i réimse an staidéir mar thoradh ar chuspóirí na scéime a chomhlíonadh maidir le tús áite do mhodh inbhuanaithe fheabhsaithe a sholáthar feadh an limistéir staidéir dhírigh agus ní bhreithnítear aon bhearta maolaithe breise.

Léirigh anailís bhreise a rinneadh agus úsáid á baint as na samhlacha Forbartha Beartaithe go n-éascaíonn an bonneagar bus nua leibhéal suntasach athléimneachta do sheirbhísí bus a úsáidfidh an Fhorbairt Bheartaithe, idir an tráth a chuirfear i bhfeidhm é agus amach anseo. Soláthróidh an Fhorbairt Beartaithe leibhéal níos airde cosanta do chomhsheasmhacht agus d'iontaofacht i dtaobh am turais bus agus ligfidh sé do phatrún seirbhíse agus minicíocht na seirbhísí bus a mhéadú amach anseo chun freastal ar éileamh breise gan tionchar diúltach suntasach a imirt ar iontaofacht i dtaobh am turais bus nó ar oibriú saoráidí rothaíochta agus coisithe.

## 8.2 Cáilíocht an Aeir

Is éard a bhí i gceist leis an measúnú ar Cháilíocht an Aeir (Caibidil 7 den EIAR seo) athbhreithniú ar na sonraí a foilsíodh a bhí ar fáil, athbhreithniú ar threoirlínte infheidhme, faireachán ar cháilíocht an aeir ag suíomhanna íogaire feadh na Forbartha Beartaithe agus ríomhanna chun measúnú a dhéanamh ar thionchair ar cháilíocht an aeir a thuartar a tharlóidh mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe. Breithnítear na héifeachtaí suntasacha dóchúla a bhaineann le tógáil agus oibriú na Forbartha Beartaithe ar cháilíocht an aeir.

Comhlíonann cáilíocht an aeir atá ann cheana feadh na Forbartha Beartaithe caighdeáin náisiúnta agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh maidir le cáilíocht an aeir, arna gcinneadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí faireacháin ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh. Faireachán leanúnach ar dhé-ocsaíd nítrigine ($NO_2$) agus ar ábhar cáithníneach (mar $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$) arna dhéanamh ag an EPA agus faireachán feadáin idirleata éighníomhaigh ar $NO_2$ arna dhéanamh ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe i limistéar Chathair na Gaillimhe, chomh maith leis an tsuirbhéireacht faireacháin feadáin idirleata scéimshonraigh ar thiúchain truailleáin thuairiscithe $NO_2$ i gcomhréir le teorainnluachanna cáilíochta aeir an Aontais Eorpaigh agus Náisiúnta.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu do Chéim na Tógála tá astaíochtaí deannaigh ó ghníomhaíochtaí, cosúil le glanadh láithreáin, fóntais a chur ar mhalairt slí, obair thógála bóthair agus acomhail agus tírdhreachú.

Maidir le tionchair dheannaigh tógála le linn Chéim na Tógála, cuirfear bearta maolaithe cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go n-íoslaghdófar núis deannaigh tógála ar feadh thréimhse Chéim na Tógála. Rinneadh measúnú ar na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an aeir a bhaineann le bealaí tráchta tógála Chéim na Tógála agus le hathruithe ar shruthanna tráchta. Is é conclúid an mheasúnaithe go mbeidh éifeacht dhíreach, ghearrthéarmach, dhiúltach ar a mhéad ag an trácht tógála ar cháilíocht an aeir, agus nach mbeidh an éifeacht sin suntasach. Ní bheidh gá le haon bhearta maolaithe le linn Chéim na Tógála toisc go dtuartar go gcomhlíonfaidh gach leibhéal truailleán aeir chomhthimpeallaigh na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchar atá neodrach agus gearrthéarmach go ginearálta agus nach bhfuil suntasach ar cháilíocht an aeir mar thoradh ar Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe.

Áirítear ar na tionchair a ndearnadh measúnú orthu don Chéim Oibríochtúil na tionchair fhéideartha ar cháilíocht an aeir a bhaineann le hathruithe ar shruthanna tráchta feadh na Forbartha Beartaithe agus na lánaí tráchta agus na sruthanna tráchta athailínithe. Ní bheidh gá le haon bheart maolaithe le linn na Céime Oibríochtúla toisc go dtuartar go gcomhlíonfaidh gach leibhéal truailleán aeir chomhthimpeallaigh na caighdeáin maidir le cáilíocht an aeir. Sainaithnítear sa mheasúnú tionchar neodrach fadtéarmach ar cháilíocht an aeir go ginearálta mar thoradh ar Chéim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe.

## 8.3 Cúrsaí Aeráide

Sainmhínítear an aeráid mar an ghnáthaimsir thar thréimhse ama. Is athrú suntasach é an t-athrú aeráide ar an ngnáthaimsir, agus cé gur feiniméan nádúrtha é an t-athrú aeráide, tá tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí an duine ar an aeráid, trí gháis cheaptha teasa a scaoileadh.

Is éard a bhí i gceist leis an measúnú aeráide (Caibidil 8 den EIAR seo) athbhreithniú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GHG), athbhreithniú ar threoirlínte is infheidhme agus ríomhanna tuarthacha chun measúnú a dhéanamh ar thionchair aeráide. Rinneadh measúnú freisin ar an bhForbairt Bheartaithe i dtéarmaí a leochaileachta i leith an athraithe aeráide.

I measc na dtionchar a ndearnadh measúnú orthu le linn Chéim na Tógála bhí astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí amhail glanadh láithreáin, atreorú fóntais, leathnú bóithre agus oibreacha tochailte (nuair is gá), oibreacha ag acomhail agus tírdhreachú. Rinneadh measúnú freisin ar bhealaí tráchta tógála mar chuid den mheasúnú. Beidh trácht tógála agus an carbón corpraithe (i.e. an fuinneamh iomlán a theastaíonn chun aon táirge nó seirbhísí a dhéanamh/a tháirgeadh) d’aon ábhair thógála a theastaíonn ar na príomhfhoinsí astaíochtaí gás ceaptha teasa le linn na tógála.

Cuimsíodh bearta maolaithe i ndearadh na tógála agus é mar aidhm acu an carbón corpraithe a bhaineann le Céim Thógála na Forbartha Beartaithe a laghdú. Áirítear ar na bearta maolaithe sin coincréit ina bhfuil stroighin Portland a ionadú, i gcás inarb indéanta, le coincréit ina bhfuil slaig foirnéise soinneáin ghránaithe mheilte. D’fhéadfadh coigilt mheasta 641 tonna $CO_{2eq}$ a bheith mar thoradh ar an mbeart seo i ndearadh reatha na Forbartha Beartaithe. Táthar ag tuar go mbeidh astaíochtaí GHG a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe ina gcodán beag d’uasteorainneacha astaíochtaí earnáil iompair na hÉireann le haghaidh 2030 agus de sprioc na Scéime Trádála neamh-Astaíochtaí 2020.

Tacóidh Céim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe le straitéisí rialtais a sholáthar trí shoghluaisteacht inbhuanaithe a chumasú agus trí chóras iompair inbhuanaithe a sholáthar. Tá sé mar aidhm aige bonneagar feabhsaithe siúil, rothaíochta agus bus a chur ar fáil ar phríomhchonairí rochtana i gCathair na Gaillimhe agus sa cheantar máguaird. Ina dhiaidh sin, cumasóidh sé sin agus cuirfidh sé gluaiseacht chomhtháite inbhuanaithe iompair ar fáil feadh na gconairí sin. Cuirfidh na hoibreacha bonneagair atá beartaithe nascacht agus comhtháthú ar fáil le seirbhísí iompair phoiblí eile, rud a fhágfaidh go mbainfidh níos mó daoine leas as iompar poiblí. Leis an bhForbairt Bheartaithe baintear amach cuspóirí an tionscadail chun tacú le seirbhís iompair phoiblí éifeachtúil ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a sholáthar, rud a thacaíonn le spriocanna laghdaithe astaíochtaí na hÉireann a bhaint amach. Is é an éifeacht atá aige sin laghdú ar chiliméadair feithicle iomlána, laghdú ar úsáid breosla, agus méaduithe ar thurais iompair inbhuanaithe agus ar chion módach i gcomhréir le Plean Gníomhaíochta 2024 ar son na hAeráide.

Meastar go mbeidh éifeacht na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saolré na Forbartha Beartaithe (Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla), tar éis an mhaolaithe, dearfach, fadtéarmach agus nach mbeidh sí suntasach.

## 8.4 Torann agus Creathadh

Breithnítear sa mheasúnú Torainn agus Creathaidh (Caibidil 9 den EIAR seo) na tionchair a d’fhéadfadh a bheith ag torann agus creathadh a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe. Is éard a bhí i gceist leis an measúnú athbhreithniú ar na sonraí foilsithe atá ar fáil, faireachán bonnlíne ar thorann chun na leibhéil chúlra reatha a dheimhniú, agus ríomh na leibhéal torainn agus creathaidh a thuartar a ghinfear le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla.

Deimhníodh sna suirbhéireachtaí bonnlíne gurb é an phríomhfhoinse torainn laistigh den limistéar staidéir ná trácht bóthair agus go gcuireann foinsí fo-uirbeacha áitiúla, ar nós gníomhaíochtaí carrchlóis, gluaiseachtaí coisithe agus foinsí comhshaoil, idir cantain na n-éan agus sioscadh duilleog, beagán leis freisin. Níl aon fhoinsí de chreathadh inbhraite sa timpeallacht atá ann cheana.

Faoin gcás 'Gan Aon Rud a Dhéanamh', níltear ag súil le haon athrú ar an timpeallacht torainn bonnlíne atá ann cheana féin, seachas an méadú ar thrácht a bhfuiltear ag súil leis i gcomhréir leis na tuartha náisiúnta.

I measc na dtionchar a measúnaíodh do Chéim na Tógála bhí cruthú torainn agus creathaidh ó athchumrú bóthair agus acomhail, oibreacha athdhromchlaithe, oibreacha leathnaithe bóthair, atreorú fóntais, tógáil ballaí teorann agus coinneála. Rinneadh tionchair thorainn tráchta tógála feadh an ghréasáin bóithre máguaird a ríomh freisin mar chuid den mheasúnú.

Ar na bearta maolaithe chun torann tógála a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú tá:

- Tabharfar cuntas ar ghníomhaíochtaí sonracha tógála a dhéanfaidh an conraitheoir ceaptha i bPlean Bainistíochta Torainn Tógála agus Creathaidh;
- Roghnú an innealra agus an trealaimh tógála is lú torann nó rialú torainn a dhéanamh ar an ngléasra ag an bhfoinse le haghaidh aon innealra nó trealamh nach bhfuil rogha níos lú torann ar fáil ina leith nó nach bhfuil praiticiúil (e.g. tostóirí, clúdaigh fuaime);
- Cothabháil chuí innealra agus trealaimh tógála chun cruthú torainn a íoslaghdú;
- An sciathadh cuí torainn a dhéanamh agus ballaí cuí clár a thógáil, go háirithe le haghaidh gníomhaíochtaí torannacha atá ag teastáil in áiteanna sonracha;
- Teorainn a chur le huaireanta na n-oibreacha tógála chun nach dtitfidh siad amach ach le linn uaireanta an lae, den chuid is mó, ó Luan go hAoine agus gníomhaíochtaí tógála a sceidealú ar bhealach lena gcuirtear suíomh an láithreáin agus cineál na réadmhaoine mórthimpeall san áireamh;
- Oifigeach idirchaidrimh tiomnaithe a cheapadh ar an láthair le linn oibreacha tógála chun cumarsáid a dhéanamh idir an conraitheoir ceaptha agus gabhdóirí áitiúla atá íogair ó thaobh torainn de, i gcás inar gá;
- Monatóireacht a dhéanamh ar thorann ag láithreacha atá íogair ó thaobh torainn de.

Áirítear ar na bearta maolaithe chun tionchair chreathaidh a d'fhéadfadh teacht as gníomhaíochtaí tógála a laghdú:

- Tabharfar cuntas ar ghníomhaíochtaí sonracha tógála a dhéanfaidh an conraitheoir ceaptha i bPlean Bainistíochta Torainn agus Creathaidh Tógála;
- Bunófar clár soiléir cumarsáide chun cónaitheoirí i bhfoirgnimh i ngar a chur ar an eolas roimh aon oibreacha a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le leibhéil chreathaidh ar dócha go sáróidh siad leibhéil shuntasacha;
- Modhanna tógála agus/nó innealra agus trealamh nach gcruthaíonn an oiread céanna creathaidh a roghnú, i gcás inar féidir;
- Monatóireacht a dhéanamh ag láithreacha íogaire ina bhféadfaí na teorainneacha creathaidh a shárú le linn céimeanna sonracha oibreacha.

Le linn Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe, méadófar go sealadach na leibhéil torainn ag an réadmhaoin is gaire do limistéir oibre. Mar gheall ar chineál líneach na n-oibreacha, áfach, imreoidh astaíochtaí torainn a bhaineann le hoibreacha tógála tionchar sealadach ar aon limistéar amháin de réir mar a théann na hoibreacha ar aghaidh ar feadh fhad na Forbartha Beartaithe. Le cur i bhfeidhm na dtairseach torainn tógála, uaireanta na n-oibreacha, mar aon le cur i bhfeidhm na mbeart cuí rialaithe torainn, rialófar tionchair thorainn ag suíomhanna atá íogair ó thaobh torainn de feadh fhad na Forbartha Beartaithe.

Baineann na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibríochtúla le hathruithe ar leibhéil torainn tráchta feadh na Forbartha Beartaithe a eascróidh as na trasghearrthacha athchumraithe agus as leagan amach bóithre athchumraithe agus as athruithe ar mhéideanna tráchta agus ar mheascáin flíteanna trí chomharthaí tosaíochta bus a úsáid agus tríd an aistriú chuig úsáid iompair phoiblí. Ar feadh na mbóithre lasmuigh de theorainn na Forbartha Beartaithe, baineann tionchair fhéideartha thorainn a mheasúnaítear le haon athruithe ar shruthanna tráchta mar thoradh ar thrácht athdháilte.

Deimhníodh sa mheasúnú nach bhfuil aon tionchair shuntasacha thorainn ag eascairt as Céim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe.

## 8.5 Daonra

Scrúdaíodh sa Mheasúnú Daonra (Caibidil 10 den EIAR seo) an limistéar staidéir don Fhorbairt Bheartaithe atá suite laistigh de Thoghranna Pháirc an Tobair, Mervue, an Bhaile Bháin, Loch an tSáile, na Rinne Móire agus Mhuirbhigh, a bhfuil daonra 22,619 duine ina gcónaí ann i dteannta a chéile (CSO, 2022). limistéar cónaithe den chuid is mó atá sa limistéar, cé go bhfuil limistéir spáis ghlais ann atá criosaithe le haghaidh áineasa/taitneamhachta agus le haghaidh fiontraíochta agus tionscail. Tá réimse leathan saoráidí pobail ann lena n-áirítear ionaid sláinte agus ospidéil, coláistí agus scoileanna, saoráidí reiligiúnacha, ionaid phobail, seirbhísí carthanachta, spóirt agus páirceanna imeartha.

Is é Bóthar Bhaile Átha Cliath an príomhbhóthar a bhfuil an bonneagar nua iompair phoiblí (bus) beartaithe dó. Faoi láthair, níl aon lánaí bus ná lánaí rothaíochta leanúnacha ann, agus bíonn an bóthar faoi bhrú tráchta rialta ag buaicuaireanta a mbíonn tionchar diúltach aige ar am turais don trácht áitiúil agus don trácht lasmuigh den bhaile a thagann ón N67. Tá saoráidí pobail ar nós siopaí agus seirbhísí, mar aon le saoráidí sláinte, lóistín do thurasóirí/chuairteoirí agus gnólachtaí eile le fáil feadh fhad an bhóthair (ach go príomha sna stráicí láir agus thiar) agus sna bruachbhailte atá suite siar ón mbóthar. Is ionann úsáid feithiclí príobháideacha agus thart ar 60% de na turais chomaitéireachta áitiúla a dhéanann daoine áitiúla. Déanann mic léinn coláiste cion ar leith de thurais mar gheall ar shuíomh an OTA ag Acomhal Sciréid. Is beag don taitneamhacht turais do gach modh, áfach. Cuireann saoráidí pobail, líon arda tráchta agus líon teoranta pointí trasnaithe le scaradh an phobail.

Le linn Chéim na Tógála, tabharfar tús áite d'inrochtaineacht phobail do choisithe, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus do rothaithe agus do phaisinéirí iompair phoiblí. Mar gheall ar an líon ard tráchta feithiclí atá ann faoi láthair, beidh roinnt dúnadh talún ag teastáil le haghaidh oibreacha ar bhóthar agus is dócha go gcuirfidh siad isteach go mór ar ghluaiseacht tráchta. Mar sin féin, déanfar na hoibreacha a chéimniú de réir a chéile den chuid is mó feadh trí stráice siar ó Acomhal Sciréid, ag Acomhal Sciréid agus soir ó Acomhal Sciréid agus déanfar iad a bhainistiú chun an tionchar ar threo faoi seach an tsrutha tráchta le linn bhuaicphointí na maidine agus an tráthnóna a íoslaghdú. Cuimsítear sa CEMP bearta chun tionchair oibreacha a mhaolú, chun gluaiseachtaí tráchta tógála a íoslaghdú, agus chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí tógála i gcás ina n-éireodh brú tráchta trom.

Beidh roinnt éifeachtaí diúltacha ar thaitneamhacht phobail le linn tógála, mar shampla, mar gheall ar thorann agus creathadh nó éifeachtaí amhairc (féach na caibidlí faoi seach). Éileoidh an gá le leathnú bóthair in áiteanna, chun freastal ar lánaí bus, agus bonneagar coisithe nó rothaíochta, roinnt tógála talún agus crainn a bhaint. Beidh tionchair ann freisin ar rochtain chónaithe agus ghnó, cé go gcoinneofar inrochtaineacht ar fáil, agus beidh na tionchair sealadach nó gairid fiú. Beidh impleachtaí ann do theorainneacha roinnt gnólachtaí agus saoráidí pobail. Nuair a bheidh sé críochnaithe, áfach, moltar tírdhreachú feabhsaithe agus crann a chur, agus déanfar rochtain a athbhunú nó a fheabhsú.

Sa Chéim Oibríochtúil, beidh bonneagar i bhfad níos fearr ann don iompar poiblí, do raonta rothar leanúnacha agus do chosáin fheabhsaithe do choisithe chomh maith le níos mó trasrianta comharthaithe. Feabhsófar inrochtaineacht an phobail go mór leis an bhféidearthacht go mbeidh nascacht níos fearr ann le Scéim Traschathrach BusConnects agus leis an mbonneagar rothaíochta atá beartaithe in áiteanna eile ar fud Chathair na Gaillimhe. Beidh buntáistí comhfhreagracha ann freisin maidir le hinrochtaineacht tráchtála agus taitneamhacht. Táthar ag súil go n-eascróidh méid áirithe d'aistriú modha ó fheithiclí príobháideacha agus feabhas dá bharr sin ar thaitneamhacht phobail as an mbonneagar feabhsaithe d'iompar poiblí agus do thaisteal gníomhach. Beidh na héifeachtaí seo fadtéarmach, dearfach agus an-suntasach.

## 8.6 Sláinte an Duine

Breithnítear sa mheasúnú ar Shláinte an Duine (Caibidil 11 den EIAR seo) na tionchair ar shláinte an duine a bhaineann le Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla Scéim BusConnects Gaillimh: Bóthar Bhaile Átha Cliath.

Tá forbairt tagtha ar dhearadh na Forbartha Beartaithe trí leagan cuimsitheach dearaidh agus béim ar leith ar an bhféidearthacht tionchair chomhshaoil a íoslaghdú, nuair is indéanta, agus a chinntiú ag an am céanna go mbainfear amach cuspóirí na Forbartha Beartaithe. Ina theannta sin, cuireadh aiseolas a fuarthas ón gclár cuimsitheach comhairliúcháin a rinneadh le linn an phróisis roghnúcháin roghanna agus forbartha dearaidh san áireamh san Fhorbairt Bheartaithe, nuair ba chuí.

Tá gá le hiompar chun rochtain a fháil ar acmhainní éagsúla atá tábhachtach don tsláinte agus don ionchuimsiú sóisialta, lena n-áirítear taisteal chun na hoibre nó chun na scoile, cuairt a thabhairt ar theaghlaigh agus ar chairde, rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte, agus siopadóireacht agus fóillíocht. Is é an toradh a bhíonn ar dhrochrochtain ar iompar ná bacainní ar na hacmhainní sláinte tábhachtacha sin agus is féidir leis cur le héagothroime sláinte agus le heisiamh sóisialta. Is iad na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le hiompar ná inacmhainneacht, infhaighteacht agus inrochtaineacht. De réir sonraí a thiomsaigh INRIX, ceannaire domhanda i sonraí soghluaisteachta, tá Gaillimh sa 39ú háit i measc na 50 cathair is measa ar domhan i dtaobh brú tráchta, agus is é Baile Átha Cliath an t-aon chathair eile in Éirinn a bhain áit ní b’airde amach (an 12ú háit).

I gcás daoine a dteastaíonn rochtain uathu ar sheirbhísí lár na cathrach, seirbhísí sláinte ina measc, éascóidh an Fhorbairt Bheartaithe iad.

Tuartar éifeachtaí beaga neamhshuntasacha le linn Chéim na Tógála, a bhaineann den chuid is mó le hastaíochtaí torainn agus le cur isteach mar gheall ar bhearta tráchta. Is tréimhsí gearrthéarmacha iad seo.

Ní athróidh an fhorbairt bheartaithe an cumas fisiciúil chun rochtain a fháil ar sheirbhísí cúraim sláinte. Mar sin féin, leis na feabhsuithe atá tuartha maidir le hamanna agus iontaofacht an iompair phoiblí, bheadh an t-iompar poiblí ina rogha i bhfad níos áisiúla chun taisteal chuig seirbhísí cúraim sláinte agus laghdófaí an dóchúlacht go gcaillfí coinní mar gheall ar mhoilleanna brú tráchta. Trí bhearta tosaíochta bus a chur san áireamh, sholáthrófaí bealaí níos éifeachtúla agus níos iontaofa d’otharcharranna éigeandála, agus mar sin d’fhéadfaí cur le bealaí níos fearr, agus measfar go mbeidh an tionchar síceolaíoch ar bhonn daonra pobail dearfach ar an iomlán.

Táthar ag tuar go mbeidh na héifeachtaí foriomlána ar thrácht agus ar iompar dearfach tríd is tríd agus áirítear orthu sin éifeachtaí dearfacha ar an gcion módúil, tionchar dearfach, an-suntasach agus fadtéarmach i dtéarmaí Ghluaiseacht Daoine ar mhodh inbhuanaithe agus amanna turais bus laghdaithe go mór.

Tá easpa gníomhaíocht fhisiciúil rialta ar cheann de na príomhchúiseanna le galar ainsealach agus básanna anabaí. Cuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe feabhas ar dheiseanna agus ar áisiúlacht siúil agus rothaíochta, rud a thacóidh le daoine sa cheantar na leibhéil ghníomhaíochta coirp sheachtainiúla a mholtar a bhaint amach, mar shampla mar chuid de thaisteal gníomhach chun na hoibre nó an oideachais. Méadóidh sé freisin an tsábháilteacht agus an dearcadh maidir le sábháilteacht do choisithe agus do rothaithe.

Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach fadtéarmach suntasach ag an bhForbairt Bheartaithe ar thorthaí sláinte sa chéim oibríochtúil, a bhaineann den chuid is mó le sochair shocheacnamaíocha agus na sochair sláinte a bhaineann leo chomh maith le rochtain níos fearr ar sheirbhísí agus ar dheiseanna chun éagothroime a laghdú. Táthar ag tuar go mbeidh tionchair shíceolaíocha dhearfacha ann freisin.

Ós rud é nach bhfuil aon bhearta maolaithe ná faireacháin beartaithe mar thoradh ar an measúnú sin ar éifeachtaí ar shláinte an duine, ní gá aon mheasúnú breise a dhéanamh ar éifeachtaí iarmharacha ar shláinte an duine.

## 8.7 Cúrsaí Bithéagsúlachta

Is éard a bhí i gceist leis an Measúnú Bithéagsúlachta (Éiceolaíocht) (Caibidil 12 den EIAR seo) athbhreithniú ar na sonraí foilsithe a bhí ar fáil chun aon ghnéithe lenar bhain luach éiceolaíochta agus suirbhéanna allamuigh ar ghnáthóga, ialtóga, mamaigh talún, inveirteabraigh chosanta agus éin chosanta a shainaithint. Níl an fhorbairt bheartaithe suite laistigh de theorainn aon Láithreáin Eorpaigh. Is iad na

láithreáin Eorpacha is gaire ná SPA Chuan na Gaillimhe Istigh agus SPA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá suite thart ar 55m agus thart ar 63m siar ó dheas ón bhForbairt Bheartaithe, faoi seach.

Is é an phríomhghnáthóg laistigh den Fhorbairt Beartaithe foirgnimh agus dromchlaí saorga, bóthar an R338 atá ann cheana, cosáin do choisithe, bóithre rochtana agus limistéir pháirceála ina measc. Tá na gnáthóga atá i láthair sa limistéar staidéir laistigh de chomhthéacs uirbeach agus tá an chuid is mó saorga ó thaobh cineáil. Tá na príomhghnáthóga is ábhar imní caomhnaithe suite laistigh de limistéar Pháirc Mhuirlinne, ó thuaidh den Fhorbairt Bheartaithe.

I measc na bpríomhchineálacha gnáthóige laistigh den Fhorbairt Bheartaithe tá foirgnimh agus dromchlaí saorga, féarthalamh taitneamhachta, ballaí cloiche agus obair chloiche eile, fálta sceach agus línte crann. Níl aon sruthchúrsaí, draenacha ná dobharlaigh eile sa limistéar staidéir. Sainaithníodh an méid seo a leanas sa mheasúnú:

- Cineál gnáthóige Móinéir Féir Ísealtalún faoi chosaint Iarscríbhinn I i bPáirc Mhuirlinne;
- Níl aon speiceas plandaí neamhchoitianta nó cosanta feadh na Forbartha Beartaithe;
- Tá limistéar amháin ina bhfuil glúineach spíceach ionrach in aice le balla cloiche i bPáirc Mhuirlinne. Cuireadh Plúr na Gréine agus Póirín Sneachta i gcuntas freisin ach meastar go mbaineann riosca íseal leo;
- Tá fara féideartha (suíomhanna ina ligeann ialtóga scíth) le feiceáil i gcrainn i bPáirc Mhuirlinne agus in aice leis an bhForbairt Bheartaithe;
- Beidh gá le 5 chrann a leagan nach dócha go mbeadh gnáthóg fara ialtóg iontu agus le ceadúnas maolaithe chun amhlaidh a dhéanamh. Deonaíodh ceadúnas maolaithe ón SPNF an 25 Samhain 2024 chun na hoibreacha sin a dhéanamh. (Tagairt an Cheadúnais: DER-BAR-2025-33);
- Tá trí speiceas ialtóige (ialtóg Leisler, Ialtóg Fheascrach, Ialtóg Shopránach) ag úsáid an tsuímh le haghaidh sealgaireachta agus comaitéireachta;
- Níl aon fhianaise ann go bhfuil an limistéar staidéir á úsáid ag mamaigh eile;
- I measc na speiceas éin gheimhrithe a tugadh faoi deara sna suirbhéireachtaí, tá an cruidín, an naoscach agus an éigrit bheag i Loch an tSáile;
- Léirigh suirbhéireachtaí ar éin phórúcháin go n-úsáideann speicis phasairigh choitinn limistéar Pháirc Mhuirlinne;
- Cuireadh an chorr réisc agus an ceann cait i gcuntas sa limistéar i rith suirbhéireachtaí siúil agus ar ialtóga; agus
- Níl aon fhianaise ann go bhfuil an fritileán réisc faoi chosaint ag pórú ar an láthair. Níl aon taifead ar ghreim an diabhail (rogha planda bia) a bheith ann, ach cuireadh méid teoranta de chab an ghasáin i gcuntas.

D'fhéadfadh sé go n-eascródh tionchair fhéideartha ar an mbithéagsúlacht i rith chéim na tógála as gníomhaíochtaí amhail:
- Ullmhú agus glanadh láithreáin;
- Teorainneacha, cosáin, colúin shoilsithe, stadanna bus agus comharthaíocht atá ann cheana a bhaint;
- Crainn agus fásra a bhaint;
- Seirbhísí faoin talamh a chosaint agus/nó a atreorú;
- Bonneagar draenála atá ann cheana agus bonneagar draenála nua a athcheangal leis an mbonneagar draenála uisce dromchla atá ann cheana;
- Leathnú bóithre, atógáil pábhála, agus feabhsuithe ar cholbhaí;
- Tógáil talún shealadach agus bhuan;
- Stadanna bus agus acomhail nua a chur isteach;
- Athshuíomh teorann réadmhaoine, athsholáthar comharthaíochta, colúin soilsithe a chur isteach; agus
- Tírdhreachú, crainn a chur agus athshuíomh éadálacha talún sealadacha.

Sainaithníodh tionchair fhéideartha le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla araon i ndáil le hathruithe uisce dromchla, caillteanas agus ilroinnt gnáthóige, speicis ionracha, agus suaitheadh/díláithriú. Cuirfear raon bearta maolaithe chun feidhme chun tionchair dhiúltacha ar an mbithéagsúlacht a sheachaint nó a laghdú le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla. Áirítear le maolú Chéim na Tógála bearta chun uisce dromchla a chosaint, leathadh speiceas ionrach a chosc, suaitheadh a laghdú, glanadh fásra

agus leagan crann a íoslaghdú, crainn choinnithe a chosaint, suaitheadh agus torann a íoslaghdú, agus na tionchair a imríonn soilsiú saorga a íoslaghdú. Áirítear bearta bainistíochta tógála in CEMP, i bPlean Bainistíochta Speiceas Ionrach (ISMP) agus i bPlean Bainistíochta Uisce Dromchla (SWMP) an tionscadail.

Tá gá le ceadúnas maolaithe mar go bhféadfadh ialtóga a bheith i gcrainn oiriúnacha feadh an bhealaigh. Cuireadh an t-iarratas ar Cheadúnas Maolaithe faoi bhráid na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) thar ceann GCC atá tiomanta do bhearta áirithe a dhéanamh i gCaibidil 12 (Bithéagsúlacht) den EIAR seo.

Áirítear le maolú Chéim na hOibríochtúla tírdhreachú, bearta chun uisce dromchla a chosaint, leathadh speiceas ionrach a chosc, cuidiú le gnáthóg Iarscríbhinn I a bhainistiú, na tionchair a imríonn soilsiú saorga a íoslaghdú, cóiríocht fara a chruthú d'ialtóga le boscaí ialtóg agus boscaí éan a chur suas. Tugtar faoi deara freisin go n-áirítear i ndearadh na Forbartha Beartaithe feabhas a chur ar cháilíocht rith chun srutha uisce dromchla isteach i Loch an tSáile, agus idircheapóirí peitril/ola san áireamh sula scaoiltear iad. Meastar gur éifeacht iarmharach dhearfach é sin.

Baineadh an tátal as sa mheasúnú nach mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ar ghnáthóga faoi chosaint, ar speicis phlanda neamhchoitianta agus faoi chosaint, ar mhamaigh, ar éin, ar amfaibiaigh, ar reiptílí, ar inveirteabraigh faoi chosaint. Ina theannta sin, déantar measúnú sonrach ar thionchair fhéideartha ar láithreáin Eorpacha ainmnithe sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS), atá mar chuid den iarratas seo freisin. Is é an tátal a baineadh as san NIS nach mbeidh aon drochthionchar ag an bhForbairt Bheartaithe ar shláine chuspóirí caomhnaithe aon láithreáin Eorpaigh tar éis na bearta maolaithe a chur chun feidhme.

## 8.8 Uisce

Is éard a bhí i gceist leis an Measúnú Uisce (Caibidil 13 den EIAR seo) staidéar deisce agus suirbhéanna allamuigh a chur i gcrích chun na dálaí uisce dromchla reatha a dheimhniú agus chun tionchair dhóchúla na Forbartha Beartaithe a shainaithint. Rinneadh staidéar deisce ar an gcóras draenála bóthair atá ann cheana laistigh den Limistéar Staidéir, agus úsáid á baint as uirlisí léarscáilithe ar líne (Google Street View agus OpenStreetMap) agus faisnéis stairiúil faoin líonra séarachais, chun suíomhanna draenála bóthair atá ann cheana agus suíomhanna éalaithe gaolmhara a dheimhniú.

Freastalaíonn uisce dromchla agus líonra draenála comhcheangailte ar an gcóras atá ann cheana laistigh den Limistéar Staidéir. De ghnáth bailítear sreafaí i ngrátaí claise caighdeánacha agus déantar iad a threorú trí líonra domhantarraingthe chuig pointí éalaithe. Is féidir a achoimriú gurb iad seo a leanas na príomhghabhdóirí uisce dromchla don chóras draenála laistigh den Limistéar Staidéir:

- Loch an tSáile;
- Inbhear na Coiribe;
- Cuan Órán Mór: agus
- Cuan na Gaillimhe Istigh Thuaidh

Is cuid de Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) iad na dobharlaigh thuasluaite go léir.

Is iad seo a leanas stádas Chreat-Treoir Uisce (WFD) reatha an Aontais Eorpaigh do na dobharlaigh mar atá ainmnithe ag an EPA, agus a stádas Riosca (gan a gcuspóirí WFD a bhaint amach):

- Inbhear na Coiribe: Stádas measartha, tá an catagóiriú riosca á Athbhreithniú;
- Cuan Órán Mór: Stádas neamhshannta, gan a bheith i mBaol; agus
- Cuan na Gaillimhe Istigh Thuaidh: Stádas maith, gan a bheith i mBaol.

Meastar, tar éis bearta deartha dea-chleachtais a chur chun feidhme, nach gcuirfidh tionchair réamh-mheasta na Forbartha Beartaithe ar na gnéithe cáilíochta bitheolaíche, fisiciceimicí agus hidreamoirfeolaíche isteach ar an dul chun cinn i dtreo stádas 'Maith' a bhaint amach ná nach mbeidh siad ina gcúis le meath ar Phoitéinseal Maith Éiceolaíochta (GEP) foriomlán aon cheann de na dobharlaigh atá gar don Fhorbairt Bheartaithe.

Tá dhá Láithreán Eorpacha ann, SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SAC Chuan na Gaillimhe Istigh, agus tá nascacht hidreolaíoch iartheachtach ann laistigh den limistéar staidéir. Ullmhaíodh Measúnú Riosca Tuilte (FRA) ar leith agus tá sé san áireamh sa EIAR seo. Baineadh an tátal as sa mheasúnú go bhfuil riosca íseal tuilte abhann agus taoide (Limistéar Tuilte C) ag baint leis an bhForbairt Bheartaithe. Tá na rioscaí a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe de bharr screamhuisce agus tuilte báistiúla measartha agus is féidir iad a bhainistiú le linn thógáil agus oibriú na Forbartha Beartaithe.

I measc na dtionchar féideartha a aithníodh le linn Chéim na Tógála bhí tionchair de bharr rith chun srutha tógála agus suaitheadh sruthchúrsa mar gheall ar atreorú agus athlonnú fóntais, athdhromchlú bóithre agus athailíniú bóithre, baint agus athbhunú ballaí teorann ina dhiaidh sin.

Le linn na Céime Tógála d'fhéadfadh cur isteach ar an gcóras draenála áitiúil, athrú ar an gcóras hidreolaíoch nádúrtha mar gheall ar mhéadú ar sceitheadh de bharr gníomhaíochtaí dí-uiscithe (nuair is gá) agus méadú sealadach ar limistéir chruasheasta agus/nó ar bhalcadh ithreach. Le linn na tógála, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag rith chun srutha uisce dromchla ina bhfuil dríodair mhíne, doirteadh de thimpiste, agus sceitheadh ábhar tógála de thimpiste trí naisc an chórais uisce dromchla ar cháilíocht uisce gach dobharlaigh.

Tugtar aghaidh ar bhainistiú uisce dromchla sa CEMP, ina sonraítear bearta rialaithe agus maolaithe chun aon drochthionchar suntasach ar an timpeallacht uisce dromchla a sheachaint, a chosc nó a laghdú le linn Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe. Áirítear orthu sin ceanglas maidir le plean freagartha do theagmhais chomhshaoil; rith chun srutha dríodair mhín a rialú; stóráil ábhar/breoslaí a bhainistiú, baisceáil agus úsáid coincréite a bhainistiú; agus bainistiú feithiclí agus innealra.

Tar éis na bearta maolaithe a chur i bhfeidhm, níltear ag súil le haon tionchar suntasach ar aon dobharlach mar thoradh ar Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe.

Áirítear ar na tionchair a ndearnadh measúnú orthu le linn na Céime Oibríochtúla na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag uisce dromchla a bhaineann le limistéir neamh-thréscaoilteachta agus díláithriú tráchta. Le linn na Céime Oibríochtúla, cinnteoidh dearadh na Forbartha Beartaithe nach mbeidh aon mhéadú glan ar rátaí reatha chun srutha uisce dromchla chuig aon cheann de na dobharlaigh nasctha, agus úsáid á baint as meascán d'idircheapóirí peitril córais draenála inbhuanaithe, maolú ar líne agus rialú sreafa. Laghdóidh na bearta maolaithe sin na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do cháilíocht an uisce ó ghnáthéilleáin bhóthair.

Coimeádfaidh an GCC an bonneagar draenála (lena n-áirítear na córais inbhuanaithe draenála) sa Chéim Oibríochtúil agus beidh sé faoi réir a nósanna imeachta bainistíochta. Níl aon mhaolú breise ag teastáil, agus níltear ag súil le haon tionchair ar aon dobharlach mar thoradh ar Chéim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe.

## 8.9 Talamh, Ithreacha, Geolaíocht agus Hidrigeolaíocht

Breithníodh sa Mheasúnú Talún, Ithreach, Geolaíochta agus Hidrigeolaíochta (Caibidil 14 den EIAR seo) na tionchair shuntasacha dhóchúla maidir le talamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht atá bainteach le Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla na Forbartha Beartaithe. Áiríodh sa mheasúnú talún, ithreacha, geolaíochta agus hidrigeolaíochta staidéar deisce ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí, torthaí imscrúduithe ar an talamh, faisnéis deartha agus suirbhéireacht siúil ar an scéim.

Is iad na gnéithe geomoirfeolaíocha a cruthaíodh le linn na mórthréimhse oighrithe deiridh is mó atá i dtreis sa réigiún níos leithne mórthimpeall ar an limistéar staidéir. Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bhForbairt Bheartaithe agus ar an limistéar staidéir in dhá stráice: na stráicí thiar agus thoir. Tá talamh réitithe faoi bhun an stráice thiar, is é sin ithreacha a athraíodh go hantrapaigineach agus a úsáidtear go ginearálta le haghaidh forbartha. Tá sil-leagan tille oighrí faoi bhun an stráice thoir den Fhorbairt Bheartaithe, a rinneadh d'aolchloch, de lomáin bhuncharraige agus de thalamh réitithe.

Rangaítear an t-uiscíoch (áit a stóráiltear screamhuisce) atá faoi bhun na Forbartha Beartaithe amhail a bheith Tábhachtach go Réigiúnach ina bhfuil sreabhadh screamhuisce charstaithe. Tá leochaileacht screamhuisce laistigh den limistéar staidéir idir measartha/ard ar an taobh thiar agus leochaileacht an-ard

ar an taobh thoir den Fhorbairt Bheartaithe. Aicmítear limistéir ina bhfuil ithreacha nádúrtha amhail Móinéir Mhuirlinne mar limistéir a bhfuil fíorleochaileacht acu de réir aicmiú GSI. Sainaithníodh ocht ngné charstacha laistigh den limistéar staidéir a bhfuil tábhacht idir meánach agus ard acu tar éis athbhreithniú léarscáilithe GSI agus torthaí na suirbhéireachta geoifisicí a fháil.

Aithnítear SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (Loch an tSáile) agus SAC Chuan na Gaillimhe Istigh mar limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de laistigh den limistéar staidéir a bhfuil ardluach idirnáisiúnta orthu. Aithnítear Móinéir Mhuirlinne mar limistéir atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de laistigh den limistéar staidéir ar a bhfuil luach ard ar scála áitiúil. Níl Móinéir Mhuirlinne suite in SAC ná in SPA.

Beidh tionchar ag cur chun feidhme na Forbartha Beartaithe ar thalamh agus ar ithreacha, go háirithe le linn chéim na tógála. Áirítear ar na tionchair:

- Caillteanas barrithreach nó damáiste don bharrithir;
- Éilliú a thabhairt isteach san Uiscíoch atá Tábhachtach go Réigiúnach mar thoradh ar an méid seo a leanas:
  - Cruasheasamh a bhaint; agus
  - Gnéithe carstacha a ghníomhaíonn mar phocfhoinse.
- Éilliú a thabhairt isteach i Limistéir faoi Chosaint; agus
- Dí-uisciú.

Cuirfear bearta maolaithe cuí chun feidhme chun tionchair dhiúltacha ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus ar hidrigeolaíocht a sheachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála. Áirítear ar na bearta sin Plean Freagartha do Theagmhais Chomhshaoil a chur chun feidhme, ina sonraítear na gníomhaíochtaí atá le déanamh i gcás teagmhais truaillithe, CEMP a chur chun feidhme, gaistí siolta a chur isteach, agus líonra draenála séalaithe. Táthar ag súil nach mbeidh aon tionchair thógála iarmharach ar thalamh, ithreacha, geolaíocht agus hidrigeolaíocht.

Meastar go bhféadfadh laghdú ar athlíonadh chuig an uiscíoch agus éilliú an uiscígh tionchar a imirt ar an gcomhshaol áitiúil ar thalamh, ithir, geolaíocht agus hidrigeolaíocht le linn Chéim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe. Mar is amhlaidh le Céim na Tógála, beart maolaithe le linn na Céime Oibríochtúla is ea go séalófar an líonra draenála ar fud na Forbartha Beartaithe.

Mar thoradh ar chur chun feidhme éifeachtach na mbeart maolaithe, beidh drochthionchair iarmharacha dhobhraite ar an talamh, ar an ithir, ar an ngeolaíocht agus ar an hidrigeolaíocht i gCéim Oibríochtúil na Forbartha Beartaithe.

## 8.10 Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha

Áiríodh sa Mheasúnú ar Oidhreacht Seandálaíochta agus Chultúrtha (Caibidil 15 den EIAR seo) athbhreithniú deascbhunaithe ar dhoiciméid foilsithe agus neamhfhoilsithe, léarscáiliú stairiúil, agus suirbhé allamuigh, agus rinneadh é de réir dea-chleachtais agus treoirlínte a bhaineann leis an oidhreacht seandálaíochta agus chultúrtha.

Rinneadh athbhreithniú ar fhaisnéis chúlra oidhreachta cultúrtha ó amanna luatha réamhstairiúla go dtí an lá atá inniu ann chun bonnlíne iomlán shrianta a bheith ann. Tá líon sách íseal láithreáin oidhreachta cultúrtha taifeadta laistigh den Limistéar Staidéir, lena n-áirítear:

- Dhá shéadchomhartha seandálaíochta: Cairéal nach n-úsáidtear (CH011, SMR GA094-018) laistigh de Pháirc Mhuirlinne agus cloch theorann (CH002, uimh. 8406 ar an RPS, RMP GA094-030001) atá suite ar theorainn bhailte fearainn na Rinne Móire agus Chloch an Mhíle;
- Dhá dhéanmhas faoi chosaint: Scoil Ghleanntán na Rós agus Scoil Radharc an Locha (Bráithre na Carthanachta) (CH004, uimh. 8405 ar an RPS) agus Cloch Theorann atá ina láithreán RMP seandálaíochta taifeadta freisin (CH002, uimh. 8406 ar an RPS, RMP GA094-030001-) sa Rinn Mhór;
- Tugtar faoi deara ó Fhardal Náisiúnta na hOidhreachta Ailtireachta go bhfuil Teach Ghleann Eidhneach (atá in úsáid anois mar chlubtheach d'iar-Chumann Rugbaí Galwegians) suite 190m ó thuaidh ó

Limistéar an Staidéir, agus tá an balla teorann theas gaolmhar agus an t-iarbhealach isteach gaolmhar suite feadh mhéid lorg na Forbartha Beartaithe;

- Tá trí thírdhreach dheartha lonnaithe laistigh den Limistéar Staidéir: Teach na Rinne Móire (CH013), Páirc Mhuirlinne (CH014) agus Páirc an Tobair (CH016);
- Cuirtear trí dhéantán fhánacha i gcuntas laistigh de bhailte fearainn Pháirc Mhuirlinne agus an Bhaile Bháin. Dhá cheann tua agus blúire de bhró rothlach atá i gceist leo sin; agus
- Sainaithníodh naoi gcinn de láithreáin/ghnéithe oidhreachta cultúrtha neamhainmnithe (CH001, CH003, CH005, CH006, CH007, CH008, CH009, CH010, agus CH012) ó chigireachtaí allamuigh laistigh de Limistéar an Staidéir.

Maidir le tionchair Chéim na Tógála atá sealadach ó thaobh faid de, léiríonn siad sin tionchair *indíreacha* a bhaineann leis an tréimhse thógála (e.g. torann, baint de thaitneamhacht amhairc, gluaiseachtaí innealra throim etc.). Ní féidir tionchair shealadacha den sórt sin a mhaolú go hiomlán ag Céim na Tógála (ach amháin i gcás taifid scríofa agus ghrianghrafadóireachta den suíomh roimh an tógáil) agus beidh suntas iarmharach sealadach ag an éifeacht i leith an ghabhdóra oidhreachta dá bharr.

Maidir le tionchair Chéim na Tógála a mhairfidh go buan, is tionchair *dhíreacha* agus baint iomlán gabhdóra oidhreachta cultúrtha le linn thréimhse chéim na tógála atá i gceist leo seo (láithreáin seandálaíochta a bhféadfadh nach bhfuiltear eolach orthu faoi láthair ina measc). Is féidir le bearta maolaithe suntasacht na héifeachta a laghdú trí chaomhnú in situ agus/nó trí chaomhnú trí thaifeadadh. Mar sin féin, tugtar faoi deara aon chaillteanas fisiceach a bhaineann leis an ngabhdóir Oidhreachta Cultúrtha mar éifeacht iarmharach bhuan i gcomhthéacs an láithreáin oidhreachta féin chomh maith le caillteanas d'acmhainn fhoriomlán na hOidhreachta Cultúrtha ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta.

Beidh éifeachtaí iarmharacha beaga (diúltacha sealadacha) ar aghaidh agus ar bhealach isteach an fhoirgnimh (ar an láthair amháin) ag iareastát Theach na Rinne Móire (CH003), an t-eastát féin (CH013) agus ag seanleagan amach eastát Theach Ghleann Eidhneach (CH015) ag céim na tógála.

Meastar nach bhfuil gach éifeacht iarmharach eile a sainaithníodh ar an acmhainn oidhreachta cultúrtha ag céim na tógála Suntasach ná Dobhraite.

Beidh na bearta maolaitheacha arna nglacadh ag céim na tógála faoi réir comhaontú le húdaráis reachtúla ábhartha (Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta).

Réiteofar gach saincheist oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha trí mhaolú le linn Chéim na Réamhthógála nó Chéim na Tógála, roimh an gCéim Oibríochtúil, agus dá bhrí sin níor aithníodh aon tionchar suntasach iarmharach.

Léiríonn tionchair uile na Céime Oibríochtúla a mheastar a bheith buan na tionchair dhíreacha agus indíreacha araon a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe, lena n-áirítear ballaí teorann gaolmhara, soilsiú etc. Ní féidir roinnt tionchair bhuana a mhaolú go hiomlán ag Céim na Tógála agus/nó ag an gCéim Oibríochtúil (ach amháin i gcás taifid scríofa agus ghrianghrafadóireachta den suíomh roimh an tógáil) agus beidh tionchar iarmharach intomhaiste ar an ngabhdóir oidhreachta mar thoradh orthu.

Sainaithnítear éifeacht iarmharach mheasartha (bhuan) dhearfach do mharcóir theorann na cloiche míle CH002. Tá an ghné seo folaithe ó amharc faoi láthair agus nochtfar í agus, trí bheart cuí maolaithe, cuirfear feabhas ar a cur i láthair mar ghné thaitneamhachta poiblí.

Tá caillteanas fisiciúil ar bith an ghabhdóra Oidhreachta Cultúrtha aitheanta mar éifeacht iarmharach bhuan i gcomhthéacs an láithreáin oidhreachta féin chomh maith le caillteanas d'acmhainn iomlán na hOidhreachta Cultúrtha ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus/nó náisiúnta. Maidir le Céim na Tógála, tá éifeachtaí iarmharacha beaga (diúltacha) a mheastar a bheith buan ag an gCéim Oibríochtúil, ar aghaidh an fhoirgnimh ag iareastát Theach na Rinne Móire (CH003), an t-eastát féin (CH013) agus ag seanleagan amach eastát Theach Ghleann Eidhneach (CH015).  Meastar go bhfuil gach éifeacht iarmharach eile a sainaithníodh ar an acmhainn oidhreachta cultúrtha ag Céim na Tógála Neamhshuntasach nó Dobhraite.

## 8.11 Tírdhreach agus Cúrsaí Amhairc

Rinneadh an Measúnú ar an Tionchar ar an Tírdhreach agus ar an Tionchar Amhairc (LVIA) seo (Caibidil 16 den EIAR seo) trí mheascán de staidéar deisce agus suirbhéanna allamuigh. Rinneadh measúnú sa staidéar deisce ar íomhánna satailíte, Google Street View, léarscáiliú stairiúil agus suirbhéireachta ordanáis, cuardach cúlra ar na beartais ábhartha ón gcomhairle áitiúil agus anailís ar an gCrios Léargais Theoiriciúil (ZTV). Is éard a bhí i gceist le céim na hoibre suímh ná fíorú na radharc in aice láimhe ón staidéar tosaigh deisce. Taifeadadh nótaí allamuigh maidir le leithéidí topagrafaíochta, úsáid talún, gnéithe suntasacha tírdhreacha, gabhdóirí íogaire amhairc agus nádúr an tírdhreacha trí chéile. Rinneadh an measúnú de réir dea-chleachtais agus treoirlínte a bhaineann le measúnú tírdhreacha agus amhairc, agus i gcomhthéacs a mhacasamhail de thionscadail bhonneagair mhórscála.

Agus measúnú á dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ar an tírdhreach agus ar thaitneamhacht amhairc mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe, áirítear ar na critéir a breithníodh íogaireacht nádúr an tírdhreacha, méid na dtionchar dóchúil, agus tábhacht na n-éifeachtaí tírdhreacha.

Is éard a bheidh i gceist leis an bhForbairt Bheartaithe ná athailíniú, athchóiriú agus leathnú in áiteanna ar thart ar 3.9km de Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath ag tosú soir ó Acomhal Mhóinín na gCiseach agus a cheanglófar isteach leis an mbóthar atá ann cheana ag Acomhal Bhóthar Dhabhach Uisce, ar an taobh thoir de Chathair na Gaillimhe. Mar chuid den scéim, cuirfear lánaí bus tiomnaithe, lánaí rothar scartha, agus cosáin, chomh maith le lánaí tráchta ghinearálta, ar fáil sa dá threo.

Is é an timpeallacht ghlactha an limistéar feadh an bhealaigh bheartaithe, conair thart ar 500m ar leithead, ag síneadh ó Thimpeallán na Mairtíneach (N67/R921) san oirthear go dtí Ionad Miondíola Pháirc an Tobair ar an R338 san iarthar. Tá gabhdóirí amhairc, cosúil le cónaitheoirí, daoine atá ag taisteal ar an mbealach agus cosáin atá ann cheana, agus gnéithe fisiciúla an tírdhreacha, spás oscailte, agus fásra atá ann ar feadh an bhealaigh iompair ina measc sa timpeallacht ghlactha.

Meastar go mbeidh tionchar diúltach suntasach sealadach ag tógáil na Forbartha Beartaithe ar thuairimí Mhóinéir Mhuirlinne agus Choillearnach Mhuirlinne. Is lú an tábhacht a bhaineann le gach tionchar eile a bhfuil coinne leis. Is é an ghné is tábhachtaí den tírdhreach agus den taitneamhacht amhairc a bhfuiltear ag súil go mbeidh tionchar uirthi mar thoradh ar an bhForbairt Bheartaithe ná líon mór crann aibí a bhaint ag an láthair sin. Nochtfaidh a mbaint spás Mhóinéir Mhuilrinne, a bheadh ciúin agus oscailte murach sin, láithreach bonn don ghníomhaíocht tógála agus don trácht.

Le linn na céime oibríochtúla, ní mheastar go mbeidh aon tionchar diúltach suntasach ann. Meastar go mbeidh na tionchair dhiúltacha is mó ar an tírdhreach buan agus beag agus go n-imreofar iad trí na chrainn aibí a bhaint ag Móinéir Mhuirlinne. Meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar an infheictheacht sin de réir mar a bhainfidh an fásra atá ann cheana agus an fásra atá beartaithe aibíocht amach. Níltear ag súil le haon tionchair shuntasacha.

Chun na tionchair shuntasacha ag Móinéir Mhuirlinne a mhaolú, moltar go gcuirfear cuid de na crainn a bheartaítear roimh thús na tógála. Moltar freisin go bhfuil na crainn seo níos mó ó thaobh méide chun sciathadh páirteach a sholáthar láithreach agus tréithe an láithreáin a chaomhnú níos fearr.

Ní mheastar go n-eascróidh aon tionchar iarmharach as an bhForbairt Bheartaithe.

## 8.12 Dramhaíl agus Acmhainní

Áiríodh sa Mheasúnú Dramhaíola agus Acmhainní seo (Caibidil 17 den EIAR seo) na cineálacha dramhaíola a d'fhéadfadh an Fhorbairt Bheartaithe a chruthú a shainaithint, chomh maith leis an bhféidearthacht ábhair a athúsáid. Cuireadh bonn eolais faoin measúnú sin le staidéar deisce lena n-áirítear sainaithint na gcineálacha dramhaíola a d'fhéadfadh an Fhorbairt Bheartaithe a chruthú, athbhreithniú ar shaoráidí bainistithe dramhaíola atá ann cheana agus atá beartaithe chomh maith le hathúsáid fhéideartha ábhar.

Ionchorpraíodh prionsabail inbhuanaithe maidir le bainistiú dramhaíola agus acmhainní i ndearadh na Forbartha Beartaithe agus cuirfear na prionsabail sin i bhfeidhm freisin i gcomhréir le Samhail an Gheilleagair Chiorclaigh (féach Fíor 8-1) le linn na gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla. Cinnteoidh sé sin go n-íoslaghdófar an dramhaíl a chruthófar.




***Fíor 8-1 Samhail an Gheilleagair Chiorclaigh***

In 2022, an bhliain is déanaí a bhfuil staitisticí foilsithe ar fáil ina leith, thuairiscigh an EPA (EPA 2024a) gur cruthaíodh 8.3 milliún tonna de dhramhaíl Tógála agus Scartála (C agus D), ar laghdú 9% é seo anuas ó 2021. As an dramhaíl sin, ithir agus clocha a bhí i gceist le 6.7 milliún tonna, arb ionann sin agus 82% den sruth dramhaíola ábhair. Tuairiscítear ar shuíomh gréasáin an EPA maidir le staitisticí dramhaíola (an bhliain tagartha dheireanach 2022) go ndearnadh cóireáil deiridh ar dhramhaíl C agus D in Éirinn in 2022 (94%) agus nár easpórtáladh ach 6% thar lear le haghaidh cóireáil deiridh. Aisghabhadh an chuid ba mhó den dramhaíl C agus D a cóireáladh in Éirinn trí aislíonadh (81%), agus cuireadh 7% ar aghaidh lena diúscairt agus níor athchúrsáladh ach 10% di (an EPA 2024a).

In Éirinn, tá dramhaíl chathrach (i.e. gnáthchineálacha dramhaíola tí) comhdhéanta de dhramhaíl tí chomh maith le dramhaíl tráchtála agus dramhaíl eile atá, mar gheall ar a cineál, cosúil le dramhaíl tí. De réir an EPA, gineadh in Éirinn 3.17 milliún tonna de dhramhaíl chathrach agus rinneadh 41% den dramhaíl sin a athchúrsáil in 2021.

Is dócha go nginfear barrachas ábhar le linn na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

- Scartáil – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó ghnéithe os cionn na talún a bhaint amhail colbhaí, comharthaí tráchta agus stadanna bus;
- Tochailt – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó ábhar faoi thalamh a thochailt amhail ithir agus clocha agus meascáin bhiotúmanacha etc.; agus
- Oibriú – lena n-áirítear dramhaíl a ghintear ó ghníomhaíochtaí cothabhála tar éis Chéim na Tógála a chur i gcrích.

Féadfaidh ábhair bharrachais orgánacha, lena n-áirítear fásra ó thoir, ó chrainn nó ó ghairdíní a ghlanadh nó ó spruadair a bhaintear as cainéil draenála nach bhfuil á n-úsáid, ábhar dramhaíola a ghiniúint lena chóireáil ag saoráidí dramhaíola orgánaí.

Cuirfear réimse bearta maolaithe i bhfeidhm chun tionchair dhiúltacha ar dhramhaíl agus ar acmhainní a sheachaint nó a laghdú le linn Chéim na Tógála, lena n-áirítear diúscairt dramhaíola a íoslaghdú. Lorgófar deiseanna chun ábhair, seachtháirgí agus dramhaíl a athúsáid le linn Chéim Thógála na Forbartha Beartaithe. Déanfar é seo a bhainistiú i rith Chéim na Tógála trí Phlean Bainistíochta Acmhainní Tógála agus Scartála agus Dramhaíola a chur i bhfeidhm.

Meastar go nginfear 1,646 tonna de dhramhaíl scartála ón bhForbairt Bheartaithe arb ionann é agus 0.08% den bhonnlíne bhainistíochta dramhaíola C agus D i Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh (CUWR). Is é an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag dramhaíl scartála le linn Chéim na Tógála, sula ndéanfar maolú, Díobhálach, Neamhshuntasach agus Gearrthéarmach. Is é an tuar iomlán ar ábhar tochailte barrachais ón bhForbairt Bheartaithe ná 13,161 tonna agus is ionann é agus 0.68% den bhonnlíne bhainistíochta dramhaíola C agus D do CUWR. Is é an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag dramhaíl tochailte le linn Chéim na Tógála, sula ndéanfar maolú, ná Díobhálach, Beag agus Gearrthéarmach. Is é an cineál agus an méid is dóichí de dhramhaíl tógála ginearálta a ghinfear san Fhorbairt Bheartaithe ná barrachas píosaí píopaí coincréite agus nach féidir a úsáid nó a ndearnadh díobháil dóibh a d’fhéadfadh teacht aníos ar an láthair. Meastar go bhfuil méideanna na n-ábhar sin beag; glactar leis gurb ionann sin agus idir thart ar 5% agus 15% d’ábhar tógála a thugtar chuig an láithreán. Tá tionchar féideartha na dramhaíola tógála le linn Chéim na Tógála, sula ndéanfar maolú, Díobhálach, Dobhraite agus Gearrthéarmach.

Is iad na príomhthionchair fhéideartha ar dhramhaíl agus ar acmhainní le linn na Céime Oibríochtúla ná dramhaíl a ghintear ó ghníomhaíochtaí cothabhála bóithre tar éis an Chéim Thógála a chur i gcrích. Déanfar oibríochtaí cothabhála faoi dhlínse GCC agus i gcomhréir lena bpleananna bainistithe dramhaíola. Táthar ag súil go n-athúsáidfear ábhar biotúmanach laistigh de thógáil nua carrbhealaigh a mhéid is indéanta agus i gcomhréir leis an reachtaíocht ar fad is infheidhme. Ní mheastar go bhfuil gá le bearta maolaithe nó faireacháin breise. Beidh an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag dramhaíl tógála agus scartála oibríochtúla Díobhálach, Neamhshuntasach agus Fadtéarmach.

Le cur chun feidhme na mbeart maolaithe agus rialaithe atá beartaithe, meastar nach mbeidh aon tionchar suntasach iarmharach ar dhramhaíl agus ar acmhainní le linn na Céime Tógála agus Oibríochtúla den Fhorbairt Bheartaithe.

## 8.13 Sócmhainní Ábhartha

Breithníodh an Measúnú ar Shócmhainní Ábhartha (Caibidil 18 den EIAR seo) i dtéarmaí na nithe seo a leanas:

- Mórbhonneagar agus mórfhóntais; agus
- Ábhar iompórtáilte, seachas na hábhair a chumhdaítear i gCaibidil 17 (Dramhaíl agus Acmhainní).

Áirítear le mórbhonneagar nithe amhail canálacha agus línte iarnróid a idirghníomhaíonn leis an bhForbairt Bheartaithe. Tiomsaíodh an fhaisnéis fóntais atá ann cheana ó na soláthraithe seirbhísí fóntais agus rinneadh suirbhéireachtaí fóntais (radar treáite talún (GPR)), de réir mar ba ghá. Bhí athbhreithniú deisce ar na sócmhainní ábhartha sin i gceist leis an measúnú sin.

Tá roinnt fóntas i bhfeidhm feadh agus ag trasnú na Forbartha Beartaithe, a bhfuil a bhformhór curtha faoi na bóithre agus feadh na mbóithre. I measc na bhfóntas seo tá:

- Línte leictreachais BSL (meánvoltas agus ísealvoltas) agus bonneagar gaolmhar;
- Príomhlíonra gáis Líonraí Gáis Éireann (meánbhrú agus ísealbhrú) agus bonneagar gaolmhar;
- Príomhlíonra uisce inólta Uisce Éireann agus an bonneagar gaolmhar;
- Línte séarachais Uisce Éireann (séaraigh uisce bhréin agus comhshéaraigh) agus an bonneagar gaolmhar;
- Líonra draenála uisce dromchla agus bonneagar gaolmhar an Údaráis Áitiúil;
- Línte teileachumarsáide Titan, Siro, Aurora, EIR, ENET, BT, Virgin Media agus National Broadband Ireland agus an bonneagar gaolmhar;
- Duchtú comharthaí tráchta Údaráis Áitiúil.

Tá na cainníochtaí ábhair a iompórtáiltear faoi láthair íseal laistigh de shuíomh na Forbartha Beartaithe. Ní iompórtáiltear an t-ábhar seo ach mar chuid de ghníomhaíochtaí cothabhála rialta a dhéantar ar na bóithre, na lánaí rothaíochta, na cosáin, na fóntais agus na ciumhaiseanna atá ann cheana.

Ar na príomhghnéithe tógála ar dócha go mbeidh tionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhartha mar thoradh orthu, áireofar an méid seo a leanas:

- Beidh leictreachas ag teastáil ón gCompún Tógála chun aon saoráidí sealadacha oifige agus leasa a chumhachtú agus le haghaidh soilsiú sealadach a bheidh le soláthar trí nasc le gréasán na heangaí nó le gineadóir;
- Teastóidh soláthar uisce ón gCompún Tógála agus ó na limistéir thógála le haghaidh saoráidí leasa agus spraeála ar mhaithe le sochtadh deannaigh;
- Beidh rochtain teileachumarsáide ag teastáil ón gCompún Tógála;
- Príomhphíopaí uisce faoi thalamh a atreorú áit a ndéanfaidh siad comhéadain leis na hoibreacha Forbartha Beartaithe;
- Atreorú an bhonneagair teileachumarsáide áit a ndéanfar comhéadain leis na hoibreacha Forbartha Beartaithe;
- Teastóidh oibreacha uasghrádaithe ar an líonra draenála uisce dromchla chun freastal ar leagan amach bóithre nua agus ar mhéadú ar chruasheasamh;
- Atreorú an bhonneagair gáis áit a ndéanfar comhéadain leis na hoibreacha Forbartha Beartaithe;
- Ábhair thógála a iompórtáil lena n-áirítear coincréit, miotail, stroighin, ábhair dhromchla bóthair agus ábhair thírdhreachtaithe. Is ionann méid na n-ábhar a bheidh ag teastáil don Fhorbairt Bheartaithe agus níos lú ná 1% de na méideanna a dhéantar in Éirinn in aghaidh na bliana.

Dearadh an Fhorbairt Bheartaithe chun an tionchar ar bhonneagar fóntais a íoslaghdú. Áirítear leis sin idirghníomhú le mórbhonneagar fóntais a sheachaint, nuair is féidir. I gcás ina ndéantar comhéadain ann leis an mbonneagar fóntais atá ann cheana, déanfar iad sin a chosaint nó a atreorú de réir mar is gá chun cur isteach fadtéarmach ar sheirbhísí dá ndéantar difear a chosc. Cuireadh atreorú agus athruithe ar shuíomh nó ar leagan amach aon bhonneagair fóntais san áireamh i ndearadh na Forbartha Beartaithe trí chéile.

Glacfar gach réamhchúram is féidir chun cur isteach neamhphleanáilte ar aon bhonneagar nó seirbhísí le linn Chéim na Tógála a sheachaint. Tá na hoibreacha fóntais atá beartaithe bunaithe ar thaifid atá ar fáil, agus ar réamh-imscrúduithe láithreáin. Sula gcuirfear tús le hoibreacha tochailte, déanfar suirbhéanna deimhniúcháin áitiúla chun torthaí na measúnuithe réamhthógála a rinneadh agus a tuairiscíodh sa Mheasúnú Tionchair Timpeallachta seo a dheimhniú.

Rinneadh comhairliúchán leis na cuideachtaí fóntais móra, agus leanfaidh an conraitheoir ceaptha ag dul i gcomhairle leis na cuideachtaí seo. I gcás ina bhfuil gá le hatreoruithe agus nach féidir cur isteach ar sheirbhís sa réadmhaoin máguaird a sheachaint, déanfar é sin a phleanáil le fógra roimh ré a thabhairt do na húinéirí réadmhaoine lena mbaineann.

Dearadh an Fhorbairt Bheartaithe freisin chun an méid móroibreacha tógála atá ag teastáil a íoslaghdú. Tabharfar aird ar inbhuanaitheacht an ábhair a bheidh á fhoinsiú le haghaidh thógáil na Forbartha Beartaithe ag an gconraitheoir ceaptha. Gheofar ábhair a theastaíonn go háitiúil chun an méid taistil a theastaíonn chun an t-ábhar a thabhairt chuig an láithreán a laghdú. I measc na bpríomh-shaincheisteanna a bheidh le breithniú agus ábhair á bhfoinsiú don Chéim Thógála beidh an fhoinse, an tsonraíocht ábhartha, costais táirgthe agus iompair, agus infhaighteacht an ábhair. Ní úsáidfidh an conraitheoir ceaptha ach cairéil atá san áireamh i gcláir chairéil na nÚdarás Áitiúil chun aon ábhar cairéalaithe a aimsiú.

Le cur chun feidhme na mbeart maolaithe atá beartaithe, ní bheidh aon tionchar iarmharach suntasach ar shócmhainní ábhartha mar thoradh ar thógáil na Forbartha Beartaithe.

Imeasc na bpríomhghnéithe oibríochtúla ar dócha go mbeidh tionchair fhéideartha ar shócmhainní ábhartha mar thoradh orthu, beidh an méid seo a leanas:

- Na naisc leictreachais do shoilsiú nua a bheidh ag teastáil, d'fhaisnéis ag stadanna bus agus do chomharthaíocht ag acomhail;
- Na naisc theileachumarsáide a bheidh ag teastáil ag stadanna bus a bhfuil faisnéis fíor-ama iontu do phaisinéirí, chun go mbeidh na busanna agus an fhaisnéis fíor-ama in ann teacht le chéile.

Ní bheidh aon tionchar suntasach ag an gCéim Oibríochtúil ar bhonneagar fóntais. Mar gheall ar na bearta atá san áireamh sa dearadh agus toisc go bhfuiltear ag súil go mbeidh na tionchair íosta, níl aon bhearta maolaithe sonracha riachtanach le linn na Céime Oibríochtúla.

Níor sainaithníodh aon tionchar iarmharach suntasach i gCéimeanna Tógála ná Oibríochtúla na Forbartha Beartaithe.

## 8.14 Baol Mórthionóiscí agus/nó Tubaistí

Breithníodh sa Mheasúnú Riosca i leith Mórthionóiscí agus/nó Tubaistí (Caibidil 19 den EIAR seo) na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhForbairt Bheartaithe ar an timpeallacht, mar thoradh ar a leochaileacht i leith rioscaí mórthionóiscí agus/nó tubaistí le linn na Céime Tógála agus na Céime Oibríochtúla.

Rinneadh an méid seo a leanas sa mheasúnú riosca:

- Mórthionóiscí agus/nó tubaistí a shainaithint (i.e. teagmhais neamhphleanáilte) a bhféadfadh an Fhorbairt Bheartaithe a bheith leochaileach ina leith;
- Measúnú ar na tionchair dhóchúla agus iarmhairt dhóchúil na dteagmhas sin i ndáil leis na gabhdóirí comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh.

Forbraíodh clár de na rioscaí uile a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus de na tionchair ghaolmhara a d'fhéadfaí a imirt i gCéimeanna Tógála agus Oibríochtúla na Forbartha Beartaithe. Glacadh leis an gcás is measa sa chlár seo, sula gcuirfí aon bhearta maolaithe nó pleananna éigeandála i bhfeidhm chun dóchúlacht agus tionchar féideartha aon mhórthionóiscí agus/nó tubaistí a laghdú.

Déantar rioscaí a rátáil tríd an rátáil dóchúlachta (dóchúlacht go dtarlóidh riosca idir dóchúlacht an-dóchúil agus dóchúlacht an-dóchúil) a iolrú faoin rátáil iarmhairte (leibhéal na n-iarmhairtí má tharla mórthionóisc agus/nó tubaiste, a ghabhann ó mhionthionóisc go tubaiste). Baintear scór riosca íseal, meánach nó ard as seo. Ní shásaíonn scóir riosca íseal an sainmhíniú ar mhórthionóisc agus/nó tubaiste agus mheasfaí go mbeadh scóir ardriosca ina n-ardriosca agus do-ghlactha d'fhorbairt na Forbartha Beartaithe agus chaithfí iad a dhearadh amach. Bheadh gá le leibhéal maolaithe a laghdódh an leibhéal tionchair chun scóir mheánriosca a bhaint amach.

Maidir leis an gCéim Thógála, bhí roinnt rioscaí ann ar measadh go raibh siad íseal agus ní dhearnadh breithniú breise orthu. Níor aithníodh aon ardrioscaí i gCéim Thógála na Forbartha Beartaithe. Sainaithníodh na rioscaí meánleibhéil seo a leanas le haghaidh Chéim na Tógála:

- Riosca pléasctha gáis tríd an bpríomhlíonra gáis a bhuaileadh le linn oibreacha tochailte;
- Riosca teagmhais truaillithe as a n-eascraíonn damáiste don chomhshaol do shruthchúrsaí nó do screamhuisce, a bhaineann go háirithe le scaoileadh féideartha siolta isteach sa chomhshaol uisceach; agus
- An riosca go leathfadh speicis ionracha le linn oibreacha tógála, go háirithe le linn oibreacha glanta láithreáin.

Comhlíonann an Fhorbairt Bheartaithe na caighdeáin deartha ábhartha, lena n-áirítear bearta chun an dóchúlacht go dtarlóidh teagmhais riosca a laghdú.

Cuirfear bearta maolaithe cuí chun feidhme le linn na Céime Tógála, lena n-áirítear cur chun feidhme pleananna amhail CEMP, Plean Bainistíochta Tráchta Tógála, agus Plean Freagartha do Theagmhas Comhshaoil. A luaithe a chuirfear na bearta maolaithe sin i bhfeidhm, ní bheidh aon teagmhais ná mórthionóiscí agus/nó teagmhais riosca tubaistí shainaitheanta ann a thuilleadh a mbaineann leibhéal riosca leo a mbeadh tionchair shuntasacha nó éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh orthu.

Níor sainaithníodh aon riosca suntasach mar rioscaí ar dócha go dtarlóidh siad le linn na Céime Oibríochtúla. Níor sainaithníodh aon tionchair iarmharacha shuntasacha i gCéimeanna Tógála nó Oibríochtúla na Forbartha Beartaithe

## 8.15 Tionchair Charnacha agus Idirghníomhú Tionchair

Breithnítear sa Mheasúnú Tionchair Charnaigh seo (Caibidil 20 den EIAR seo) an fhéidearthacht maidir le tionchair charnacha agus idirghníomhú tionchair mar thoradh ar thionchair fhéideartha ó scéimeanna eile in éineacht le tionchair thuartha na Forbartha Beartaithe, agus idirghníomhú idir gnéithe comhshaoil. Áiríodh sa mheasúnú breithniú ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail eile.

Tugtar aghaidh go ginearálta ar idirghníomhú tionchair idir gnéithe comhshaoil mar chuid de na measúnuithe ábhair aonair, mar sin, áiríodh sa mheasúnú Daonra éifeachtaí ar thaitneamhacht phobail, mar shampla, a bhaineann le hidirghníomhú na dtionchar ar cháilíocht an aeir, taitneamhacht amhairc, trácht agus iompar, agus torann agus creathadh.

Breithníodh na foinsí seo a leanas agus forbairtí ábhartha eile á sainaithint chun measúnú a dhéanamh ar thionchair charnacha:

- Suíomh gréasáin an Bhoird Pleanála (ABP) – le haghaidh sonraí maidir le Forbairtí Bonneagair Straitéisigh (SIDanna) agus Forbairtí Tithíochta Straitéisí (SHDanna);
- Suíomhanna gréasáin na n-údarás áitiúil agus na pleananna forbartha do Chathair na Gaillimhe le haghaidh sonraí faoi leithdháiltí agus limistéir le haghaidh athghiniúna;
- An Bunachar Sonraí Náisiúnta Iarratais Pleanála – le haghaidh liosta in-íoslódáilte d'iarratais pleanála a seoladh ó Údaráis Áitiúla;
- Suíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Iompair – le haghaidh sonraí faoi chláir mhóra iompair. Áiríodh leis sin athbhreithniú ar Straitéis Iompair na Gaillimhe (2016);
- Tionscadal Éireann 2040, ina bhfuil an Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Náisiúnta Pleanála agus a mhapálaí idirghníomhach; suíomh gréasáin Bhonneagar Iompair Éireann (le haghaidh sonraí maidir le mórthionscadail agus mórchláir iompair;
- An EIA atá ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil – le haghaidh iarratais ar thoiliú forbartha a bhfuil EIAR ag gabháil leo; agus
- Suíomh gréasáin Uisce Éireann, ar a bhfuil leathanach ar a chuid tionscadal.

Níl aon éifeachtaí carnacha suntasacha dóchúla a bhaineann le Trácht agus Iompar tuartha, de bhreis ar éifeachtaí na Forbartha Beartaithe a measúnaíodh ina haonar.

Maidir le Cáilíocht an Aeir, beidh na héifeachtaí carnacha tráchta tógála i gcomhréir tríd is tríd le héifeachtaí na Forbartha Beartaithe ina haonar agus ní bheidh na héifeachtaí carnacha gaolmhara ar cháilíocht an aeir suntasach. Mar gheall ar mhaolú deannaigh ag an gCéim Thógála don Fhorbairt Beartaithe, agus bearta comhchosúla i bhfeidhm do thionscadail eile, beidh éifeachtaí carnacha foriomlána deannaigh tógála

díreach, gearrthéarmach, diúltach agus neamhshuntasach, rud nach bhfuil suntasach ar an iomlán i dtéarmaí EIA.

Maidir leis an Aeráid, trí thionchar GHG tionscadail a chur i láthair i gcomhthéacs a ailínithe le hiarracht na hÉireann neodracht carbóin a bhaint amach agus le haon bhuiséad carbóin earnála, léireofar leis an measúnú sin an fhéidearthacht go ndéanfaidh an tionscadal difear do chumas na hÉireann a sprioc náisiúnta maidir le laghdú carbóin a bhaint amach. Dá bhrí sin, meastar gur cur chuige carnach ó nádúr é an cur chuige measúnaithe.

Maidir le Measúnú Torainn, le cur i bhfeidhm na mbeart maolaithe chun leibhéil torainn tógála a bhaineann leis an bhForbairt Bheartaithe a laghdú agus mar gheall ar an scaradh ón Scéim Nasc Traschathrach Bus Connects Gaillimh is gaire atá in aice láimhe, níl aon tionchair charnacha shuntasacha tuartha ó thógáil chomhthráthach na Forbartha Beartaithe i gcomhar le Scéim Bus Connects Gaillimh eile agus le tionscadail eile aitheanta.

Maidir leis an mBithéagsúlacht, ós rud é gur cuireadh bearta bainistíochta tógála dea-chleachtais san áireamh a chuirfear i ngníomh, agus bearta breise chun éifeachtaí ar an mbithéagsúlacht a laghdú nó a íoslaghdú, níl aon fhéidearthacht ann go dtarlódh éifeachtaí i dteannta a chéile. Níl aon éifeachtaí tógála carnacha tuartha ós rud é go dtuartar nach mbeidh aon éifeachtaí suntasacha ag an bhForbairt Bheartaithe ar an mbithéagsúlacht.

Fuarthas amach sa mheasúnú Tírdhreacha agus Amhairc nach bhfuiltear ag súil go dtarlóidh aon éifeachtaí carnacha suntasacha le linn na tógála chomh fada agus a chuirfear an maolú beartaithe i bhfeidhm, atá mar chuid den EIAR seo. Cuirfidh na forbairtí cónaithe atá beartaithe, atá in aice leis an bhForbairt Bheartaithe, leis an tionchar diúltach amhairc mar gheall ar bhaint crann. Beidh tionchar diúltach ag baint crann le linn tógála ar thaitneamhacht amhairc agus ar an tírdhreach sa cheantar, rud a fhágfaidh go mbeidh éifeachtaí carnacha diúltacha níos measa ann. Táthar ag súil go mbeidh siad seo sealadach, measartha, diúltach.

Níor sainaithníodh aon éifeacht charnach shuntasach eile a bhaineann le tógáil ón bhForbairt Bheartaithe in éineacht le tionscadail eile de bhreis ar na cinn a sainaithníodh sna measúnuithe neamhspleácha.

Maidir le hÉifeachtaí Oibríochtúla, deimhníodh sa Mheasúnú Tráchta go dtiocfaidh méadú go ginearálta ar éileamh iomlán na dturas (nuair a chuirtear gach modh iompair san áireamh) amach anseo i gcomhréir le fás réamh-mheasta daonra agus fostaíochta. Léiríonn an anailís, nuair a bheidh Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe i bhfeidhm, go mbeidh laghdú ar líon na bpaisinéirí bus a bheidh ag taisteal tríd an gconair i gcásanna na bliana Dearaidh 'Déan a Laghad' agus 'Déan Rud Éigin' (2043) (idir 3% agus 16%), agus tiocfaidh laghdú ar an leibhéal ginearálta moille ar fud na cathrach (thart ar 25%) agus tiocfaidh méadú ar an meánluas do gach modh (idir 20% agus 50%), mar thoradh ar an laghdú ar thrácht sa chathair, a tharla mar thoradh ar Chuarbhóthar Chathair na Gaillimhe.

Rinneadh athbhreithniú sa Mheasúnú ar an Tionchar ar an Aeráid ar na sonraí tráchta a soláthraíodh don mheasúnú ar an gCéim Oibríochtúil, agus rinneadh measúnú mionsonraithe ar cháilíocht an aeir ar astaíochtaí sceite feithiclí. Meastar go mbeidh éifeacht na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le saolré na Forbartha Beartaithe (Céimeanna Tógála agus Oibríochtúla), tar éis an mhaolaithe, dearfach, fadtéarmach agus nach mbeidh sí suntasach.

Aithníodh san LVIA an fhéidearthacht go mbeadh éifeachtaí diúltacha gearrthéarmacha, idir measartha agus beag ar féidir iad a aisiompú i gceist i leith gabhdóirí cónaithe agus úsáideoirí na gcosán, na rotharbhealaí agus an charrbhealaigh atá suite in aice leis an bhForbairt Bheartaithe. Táthar ag súil go mbeidh tionchar dearfach féideartha ag roghnú speiceas ar aon dul leis an Tionscadal Uile-Éireann um Pailneoirí san fhadtéarma. Beidh an éifeacht fhadtéarmach sealadach idir beag agus buan, idir dobhraite agus neodrach nuair a bheidh fás iomlán bainte amach ag na crainn a bheartaítear a chur in ionad na gcrann a bhainfear.

Maidir le gach disciplín eile, ní mheastar go mbeidh aon tionchar carnach suntasach ann.

Tarlaíonn idirghníomhú suntasach comhshaoil idir na hábhair – daonra, sláinte an duine, cáilíocht an aeir, torann agus creathadh, tírdhreach (bailedhreach) agus amhairc, agus trácht agus iompar. Breithnítear an t-idirghníomhú sin go díreach agus go hindíreach sna measúnuithe a dhéantar ar gach ceann de na hábhair sin. Caidreamh díreach atá i gceist le cuid acu, e.g. tionchair ar an daonra agus tionchair amhairc; bithéagsúlacht agus tírdhreach; talamh, ithreacha agus uisce agus tírdhreach; nó an suíomh timpeall ar

ghnéithe oidhreachta cultúrtha etc. D'fhéadfadh gnéithe eile a bheith indíreach, e.g. sláinte an duine, cáilíocht an aeir agus tírdhreach, sócmhainní ábhartha agus gnéithe tírdhreacha agus amhairc. Rinneadh an t-idirghníomhú féideartha sin a chuimsiú sna measúnuithe ábhartha áit ar bith ab fhéidir.

Go hachomair, tabharfaidh an Fhorbairt Bheartaithe aghaidh ar easnaimh sa bhonneagar iompair modha inbhuanaithe agus ag an am céanna cuirfidh sí le córas iompair inbhuanaithe comhtháite foriomlán mar atá beartaithe sa GTS. Méadóidh sí éifeachtacht agus tarraingteacht na seirbhísí bus atá ag oibriú feadh na conaire agus mar thoradh air sin bainfidh níos mó daoine leas as iompar poiblí mar gheall ar na hamanna turais níos gasta agus na feabhsuithe iontaofachta a chuirfidh an Fhorbairt Bheartaithe ar fáil. Tacóidh sé sin, dá réir sin, leis an bhféidearthacht acmhainn ghréasáin bus na seirbhísí atá ag oibriú feadh na conaire a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, tarraingteacht an iompair phoiblí a mhéadú tuilleadh. Ina theannta sin, leis an scaradh suntasach agus na feabhsuithe sábháilteachta ar bhonneagar siúil agus rothaíochta, ar príomhghné den Fhorbairt Bheartaithe é, déanfar gluaiseacht daoine atá ag taisteal ar bhealach inbhuanaithe feadh na conaire a uasmhéadú a thuilleadh agus freastalófar, dá bhrí sin, ar leibhéil níos airde fáis daonra agus fostaíochta amach anseo.

# 9 CAD A THARLÓIDH INA DHIAIDH SEO?

Is féidir an t-iarratas ar thoiliú/fhormheas, an EIAR seo agus an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a fheiceáil/a íoslódáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: (www.bcgdublinroad.ie).

Féadfar an t-iarratas seo a iniúchadh saor in aisce freisin nó féadfar é a cheannach ar tháille shonraithe a íoc (ní mó a bheidh an táille seo ná an costas réasúnach atá ar chóip den sórt sin a dhéanamh) ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe na Forbartha Beartaithe. Is féidir tuilleadh sonraí faoi na socruithe sin a fháil ag (www.bcgdublinroad.ie).

Is féidir aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a chur in iúl chuig an mBord Pleanála (an Rannán Bonneagair Straitéisigh), 64 Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1, D01 V902 ar feadh tréimhse 8 seachtaine ag tosú ar dháta foilsithe na Forbartha Beartaithe maidir le:

- Na héifeachtaí is dócha a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar an gcomhshaol;
- Na himpleachtaí a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa limistéar ina mbeartaítear an Fhorbairt Bheartaithe a shuíomh; agus
- Na héifeachtaí díobhálacha is dócha a bheidh ag an bhForbairt Bheartaithe ar Láithreán Eorpach.

Féadfaidh an Bord Pleanála, i ndáil le hiarratas a chuirtear isteach lena cheadú faoi Alt 51 d'Acht na mBóithre, 1993 (arna leasú), le hordú, an Fhorbairt Bheartaithe a cheadú, fara nó d'éagmais mionathruithe agus faoi réir cibé coinníollacha comhshaoil is cuí leis, nó féadfaidh sé diúltú an Fhorbairt Bheartaithe a cheadú.

Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

National Transport Authority
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2
D02 WT20


Project Ireland 2040
Building Ireland's Future